

# CHONTAE UIBH FHAILI DRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA I LEITH TORAINN 2024- 2028

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# DRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA I LEITH TORAINN 2024- 2028 BABHTA 4 (B4)

Contae Uíbh Fhailí


Achoimre

Tá an doiciméad seo a leanas ina bhonn le pleanáil gníomhaíochta i leith torainn do Chontae Uíbh Fhailí 2024-2028. Bíonn níos mó ná 3 mhilliún turas cairr in aghaidh na bliana ar na bóithre atá le cur san áireamh.

## Achoimre Fheidhmeach

Is é torann timpeallachta an dara cúis timpeallachta is mó le fadhbanna sláinte san Aontas Eorpach, dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC). D'fhéadfadh neamhchosaint ar thorann ar feadh tamall fada a bheith ina chúis le tinnis thromchúiseacha, ina measc: galair chardashoithíocha; feidhmíocht chognaíoch laghdaithe i measc leanaí; crá mór, ar cineál struis é; agus suaitheadh codlata.

Is é an aidhm atá leis an Treoir maidir le Torann Timpeallachta (“TTT”) (2002/49/CE) córas uile-Eorpach a chur i bhfeidhm chun foinsí torainn timpeallachta a shainaithint, an pobal a chur ar an eolas faoi shonraí torainn ábhartha agus na bearta riachtanacha a dhéanamh chun neamhchosaint ar thorann a sheachaint, a chosc nó a laghdú.

Tá ceangal ar na Ballstáit go léir léarscáileanna straitéiseacha torainn a ullmhú chun daonraí a shainaithint atá neamhchosanta ar thorann timpeallachta a thagann as an iompar (bóithre, iarnróid agus aerthrácht) agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha. Bonn a bheidh sna léarscáileanna sin chun faisnéis den sórt sin a léiriú don phobal agus bainfidh na húdaráis fhreagracha úsáid astu chun Pleananna Gníomhaíochta i leith Torainn a ullmhú. Rinneadh TTT a thrasuí i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin um Thorann Comhshaoil 2006 (I.R. 140/2006) (na “Rialacháin”). Athbhreithníodh na Rialacháin le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (I.R. 549/2018) agus leasaíodh iad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) (Leasú), 2021 (I.R. 663/2021).

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil atá ainmnithe ar an Údarás Inniúil Náisiúnta atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán maidir le Torann Comhshaoil. Áirítear le ról GCC feidhmeanna maoirseachta, comhairleacha agus comhordaithe maidir le mapáil torainn agus pleanáil gníomhaíochta, chomh maith le ceanglais tuairiscithe chun críche Threoir 2002/49/CE maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú.

Faoi na Rialacháin, tá Údaráis Áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Iarnród Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, ainmnithe ina gComhlachtaí Mapála Torainn (CMTanna), chun críche léarscáileanna straitéiseacha torainn a bhaineann lena mbonneagar faoi seach a dhéanamh agus a cheadú.

D’ullmhaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, a dtabharfar “an Chomhairle” uirthi feasta, an plean seo maidir le príomhbhóithre laistigh dá limistéar feidhme faoi seach. Dréachtaíodh na gníomhaíochtaí a sonraítear anseo chun neamhchosaint ar thorann a mheas i limistéir thosaíochta, mar atá léirithe ag mapáil straitéiseach torainn ar na bealaí a sainaithníodh laistigh de limistéir feidhme na Comhairle faoi seach. Beartaítear gur cheart go ndíreofaí an phleanáil gníomhaíochta i leith torainn ar shaincheisteanna straitéiseacha pleanála a

shainaithnítear sa phróiseas mapála torainn mar go bhfuil forálacha ann cheana chun déileáil le núiseanna torainn, lena n-áirítear torann ó chomharsana, ón tsiamsaíocht agus ón tógáil.

Déantar foráil sna Rialacháin do chur chuige dhá chéim maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú. Ar an gcéad dul síos, **léarscáileanna straitéiseacha torainn** a ullmhú maidir le limistéir agus bonneagar a thagann faoi chuimsiú critéir shainithe, e.g. príomhbhóithre, iarnróid agus aerfoirt. *Ar an dara dul síos, bunaithe ar thorthaí an phróisis mapála, ceanglaítear sna Rialacháin go n-ullmhófar pleananna gníomhaíochta i leith torainn maidir le gach limistéar lena mbaineann*.

Is é bunchuspóir na bpleananna gníomhaíochta torann timpeallachta a chosc agus a laghdú. Is ionann an Plean Gníomhaíochta i leith Torainn seo agus nuashonrú ar phlean a ullmhaíodh roimhe seo in 2018 (2018 - 2023) agus d'ullmhaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí é de réir cheanglais na Rialachán um Thorann Comhshaoil 2006, Ionstraim Reachtúil Uimh. 140 de 2006. Tugtar éifeacht leis na Rialacháin sin do Threoir 2002/49/CE ón Aontas Eorpach maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú.

Is iad na cuspóirí atá ag Plean Gníomhaíochta i leith Torainn Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ná na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint fadtéarmach ar thorann timpeallachta, a sheachaint, a chosc agus a laghdú, ar bhonn tosaíochta nuair is gá. Bainfear é sin amach trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le torann timpeallachta a bhainistiú. Leis an gcur chuige sin, cuirtear gníomh maidir le torann timpeallachta chun cinn ar thrí bhealach, is iad sin laghdú torainn ag an bhfoinse, pleanáil úsáide talún atá oiriúnaithe do spriocanna torainn agus nósanna imeachta chun tionchar torainn a laghdú.

Sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn seo (Babhta 4) (B4) déantar breithniú go príomha ar an tionchar fadtéarmach a bheadh ag torann timpeallachta ó fhoinsí tráchta ar bhóithre agus leagtar amach cur chuige chun athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil tionchair torainn in aice leis na príomhfhoinsí a ndearnadh measúnú orthu le linn na mapála straitéisí torainn in 2021 d'fhonn suíomhanna a shainaithint ina meastar go bhfuil gá le laghdú torainn ar an gcéad dul síos. Is é an leagan seo Babhta 4 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn, arb é an ceathrú heagrán de PGT (2024-2028) é agus tuairiscítear ann torthaí na Mapála Straitéisí Torainn maidir le stráicí de phríomhbhóithre, os cionn tairseach sreafa de 3 mhilliún feithicil in aghaidh na bliana, ullmhaithe i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Tá torthaí an mheasúnaithe seo curtha i láthair i bhfoirm léarscáileanna agus táblaí achoimre staitisticí ina dtaispeántar an limistéar, líon na n-áitreabh agus líon na ndaoine a mheastar atá neamhchosanta go fadtéarmach ar thorann ó thrácht ar bhóithre sa limistéar atá clúdaithe ag na léarscáileanna torainn. Tá clár ceithre bliana maidir le cur i bhfeidhm ag gabháil leis an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn seo, agus tuairiscítear an dul chun cinn do GCC ar bhonn bliantúil.

## Clár Ábhar


**1. Réamhrá** **6**
1.1 Cuspóir an Bheartais 6
1.2 Cuspóir agus Scóip 7
1.3 Comhairliúchán 7
1.4 Tráthchlár don Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 8

**2. Torann agus éifeachtaí ar an tSláinte agus ar Chaighdeán na Beatha** **9**
2.1 Táscairí Leibhéil Torainn 9
2.2 Éifeachtaí ar an tSláinte agus ar Chaighdeán na Beatha 10

**3. Creat Dlí agus Beartais AE** **13**
3.1 Beartas agus Treoir AE 13
3.2 Rialacháin agus Treoir AE 14

**4. Creat Dlí agus Beartais Náisiúnta** **16**
4.1 Beartas agus Treoir Náisiúnta 16
4.2 Reachtaíocht Náisiúnta 20
4.3 Beartas réigiúnach nó áitiúil 21

**5. An tÚdarás atá Freagrach as Pleanáil Gníomhaíochta** **23**
5.1 Is í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí atá freagrach as an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm i gContae Uíbh Fhailí 23
5.2 Cur síos ar chomhlachtaí ábhartha eile 23
5.3 Athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta i leith torainn roimhe seo 23

**6. Cur síos ar an Limistéar Pleanála Gníomhaíochta** **27**
6.1 Cur síos ar Chontae Uíbh Fhailí 27
6.2 Cur síos ar an topagrafaíocht/limistéar geografach 27
6.4 Sonraí faoin daonra 27
6.3 Cur síos ar an bPleanáil Gníomhaíochta 28
6.4 An limistéar ábhartha i gContae Uíbh Fhailí 28
6.5 An pobal ginearálta atá neamhchosanta ar thorann tráchta i gContae Uíbh Fhailí 29
6.6 Suíomh Foirgneamh atá íogair ó thaobh Torainn 29

**7. Cur síos ar an mbonneagar iompair in Uíbh Fhailí** **30**
7.1 Gréasán bóithre 30
7.2 Gréasán iarnróid 30
7.3 Busiompar 30

**8. Achoimre ar Thorthaí na Mapála Torainn** **31**
8.1 Mapáil Straitéiseach Torainn 31
8.2 Achoimre ar Thorthaí an Phróisis Mapála Torainn 37
8.3 Teorainneacha úsáidte na Léarscáileanna Torainn agus na dTorthaí 37

**9. Limistéir a shainaithint a bheidh faoi réir gníomhaíochtaí bainistithe torainn 40**
9.1 Cúlra Rialála 40
9.2 Forbhreathnú ar an bPróiseas 40
9.3 Cur síos ar an gcur chuige chun LTanna, LITanna agus LTTanna a shainaithint 41
9.4 Limistéir Thábhachtacha (LTanna) 41
9.5 Torthaí an tSamhaltaithe lenar aithníodh Limistéir Thosaíochta 50
9.6 Cur síos ar an gcaoi a sainaithneofar Limistéir a d'fhéadfadh a bheith ina Limistéir Chiúine 51

**10. Bearta maolaithe torainn. 56**
10.1 Cur síos ar an gcaoi a ndéanfar bearta maolaithe LTTanna a fhiosrú 56
10.2 Bearta maolaithe 63
10.3 Pléigh ar an gcaoi a dhéanfar measúnú ar éifeachtaí laghdaithe torainn na mbeart féideartha 67

**11. Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 69**
11.1 Róil agus Freagrachtaí 69
11.2 Cuspóirí 69
11.3 Clár oibreacha 60
11.4 An clár meastóireachta, athbhreithnithe agus gnímh ceartaithe 70

**12. Achoimre agus Conclúidí 74**
12.1 Ginearálta – Bearta Bainistíochta Torainn 74
12.2 Bearta Cosanta 74
12.3 Bearta maolaithe 74
12.4 Bearta Coisctheacha 76

**Aguisín A:** Gluais Téarmaí Fuaimiúla agus Teicniúla 78


**Aguisín B:** Leabharliosta agus tagairtí 82

**Aguisín C:** Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn 90

**Aguisín D:** Comhairliúchán Poiblí 120

**Aguisín E:** An scéim dathanna a mholtar chun bandaí leibhéal torainn a chur i láthair 121

**Aguisín F:** Liosta Táscach de Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) (Achoimre) – Údarás Pleanála Gníomhaíochta Chontae Uíbh Fhailí 122




**Fíor 1.0 - Codana de bhóthar san áireamh sa Dréachtphlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2024- 2028**

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cuspóir an Bheartais

Is é torann timpeallachta an dara cúis timpeallachta is mó le fadhbanna sláinte san Aontas Eorpach, i ndiaidh truailliú aeir (an mínábhar cáithníneach san aer), dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA). D'fhéadfadh neamhchosaint ar thorann ar feadh tamall fada a bheith ina chúis le tinnis thromchúiseacha, ina measc: galair chardashoithíocha; feidhmíocht chognaíoch laghdaithe i measc leanaí; ciapadh mór, ar cineál struis é; agus suaitheadh codlata.

Glacadh in 2002 le Treoir an Chomhphobail Eorpaigh 2002/49/CE, a bhaineann le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú. Tugtar an Treoir maidir le Torann Timpeallachta nó TTT ar an treoir sin de ghnáth. Faoi chuimsiú TTT, agus i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe, is í an aidhm fhoriomlán atá le torann timpeallachta a bhainistiú ná na héifeachtaí díobhálacha de bharr neamhchosaint fadtéarmach ar thorann timpeallachta a sheachaint, a chosc agus a laghdú, rud a chuirfeadh chun cinn an dea-shláinte agus dea-cháilíocht bheatha.

Sainmhínítear gurb é is torann timpeallachta ann 'fuaim lasmuigh nach bhfuil ag teastáil nó atá díobhálach' a eascraíonn as gach réimse den ghníomhaíocht dhaonna. Cé go dtagann torann as go leor gníomhaíochtaí daonna - lena n-áirítear torann comharsanachta, gníomhaíochtaí tionsclaíocha/tráchtála, agus torann siamsaíochta - is iad na foinsí is forleithne as a dtagann truailliú torainn agus neamhchosaint ar thorann in Éirinn ná cineálacha éagsúla iompair.

Is é is aidhm leis an Treoir socrú coiteann a shainiú agus a chur i bhfeidhm lena ndéanfaidh na Ballstáit foinsí a shainaithint as a dtagann truailliú torainn timpeallachta, an pobal a chur ar an eolas faoi na sonraí torainn ábhartha agus na bearta riachtanacha a dhéanamh chun na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint ar thorann timpeallachta, a sheachaint, a chosc nó a laghdú ar bhonn tosaíochta.

Ceanglaítear sa Treoir ar na Ballstáit léarscáileanna straitéiseacha torainn agus pleananna gníomhaíochta i leith bainistiú torainn a ullmhú agus a fhoilsiú gach 4-5 bliana maidir le foinsí torainn ón iompar (i.e. bóithre, iarnróid agus aerfoirt) agus ón tionsclaíocht.

Cé gurb í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-údarás inniúil náisiúnta, cuimsíonn na Rialacháin feidhmeanna tábhachtachta d'Údaráis Áitiúla maidir le Pleananna Gníomhaíochta i leith Torainn a ullmhú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi na Rialacháin.

Ina theannta sin, ó thaobh na hÉireann de, moltar go dtacódh pleananna gníomhaíochta i leith torainn le Cuspóir Beartais 65 ón gCreat Pleanála Náisiúnta 2040, ina sonraítear:

> *"Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí threoir náisiúnta pleanála agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn"*

Dréachtófar na pleananna gníomhaíochta i leith torainn bunaithe ar thorthaí na mapála straitéisí torainn maidir le foinsí torainn ó bhóithre, ó iarnróid, ó aerárthaí agus ón tionsclaíocht. Soláthraítear sna léarscáileanna straitéiseacha torainn sonraí grafacha agus staitistiúla ar neamhchosaint daoine, áitreabh agus limistéar ar thorann.

Ceanglaítear sna Rialacháin go dtabharfar aghaidh ar "tosaíochtaí" agus "an limistéar nó na limistéir is tábhachtaí". Cuireadh i bhfeidhm cur chuige trí chéim chun na limistéir is airde tosaíochta a shainaithint le go tabharfar aird orthu agus go gcuirfear san áireamh iad i mBabhta 4 de PGT.

1. Ar an gcéad dul síos, sainaithníodh **Limistéir Thábhachtacha (LTanna)** ar fud an chontae bunaithe ar an neamhchosaint ar thorann timpeallachta a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine, mar a léirítear i dtreoir EDS (féach Cuid 1.1 agus Cuid 2.2);

2. Tar éis na Limistéir Thábhachtacha a shainaithint, déanfar fo-thacar de na **Limistéir is Tábhachtaí (LIT)** – i gcás inarb airde an tionchar ar an tsláinte, go hiondúil de bharr leibhéil neamhchosanta ar thorann agus líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann (féach Cuid 9.4.1);

3. Ar deireadh, shainaithin Comhairle Chontae Uíbh Fhailí na **Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTT)** tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na LITanna agus cuireadh iad sin san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn (PGT) ina limistéir ar gá aird a thabhairt orthu le linn shaolré an phlean mar a leagtar amach i gcuid 9.4.2.

### 1.2 Cuspóir agus scóip

Ullmhaíodh an PGT seo mar a cheanglaítear sna Rialacháin TTT sin. Dírítear i PGT ar bhainistíocht straitéiseach fhadtéarmach ar thorann timpeallachta ó chórais iompair i.e. bóithre, iarnróid agus an tionsclaíocht, agus ar aidhm na Treorach TTT a bhaint amach maidir le torann timpeallachta a chosc, agus a laghdú nuair is gá, tríd an bplean gníomhaíochta a ghlacadh.

Tá léarscáileanna straitéiseacha torainn curtha le chéile ag Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) le haghaidh bóithre móra, iarnród, aerfort agus ceirtleán, ag baint úsáid as na táscairí torainn comhoiriúnaithe **Lden** (leibhéal coibhéiseach lae-tráthnóna-oíche) agus **Lnight** (leibhéal coibhéiseach oíche). Aithníodh leis na léarscáileanna sin daonraí atá thar a bheith neamhchosanta ar thorann timpeallachta. Baineadh úsáid as na léarscáileanna sin mar bhunús chun léiriú a thabhairt ar shuíomh na limistéar atá íogair ó thaobh torainn de agus a

bhfuil drochthionchar ag torann orthu agus is uirlis thábhachtach iad le haghaidh Babhta 4 de PGT Chontae Uíbh Fhailí a ullmhú.

### 1.3 Comhairliúchán

D'fhorbair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí PGT Babhta 4 i dtaca leis na Rialacháin agus le doiciméad GCC "Nóta Treorach maidir le Pleanáil Straitéiseach Ghníomhaíochta i leith Torainn don Choimisiún Eorpach (Rialacháin Torann Timpeallachta) 2006", Leagan 2, Márta 2024.

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004, tá freagracht ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí pleananna gníomhaíochta a chur le chéile, a athbhreithniú agus, nuair is gá, a leasú, i gcomhairle le GCC agus leis na comhlachtaí mapála torainn ábhartha.

Mar sin, tabharfar faoi bheart foirmiúil comhairliúcháin phoiblí tar éis an Dréacht PGT a ullmhú. Ceadóidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí 6 seachtaine don chomhairliúchán, agus 2 sheachtain eile le haghaidh aighneachtaí, le go mbeidh dóthain ama ag an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

### 1.4 Tráthchlár don Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn.

Leagtar amach i dTábla 1.1 thíos na príomhchéimeanna mar atá leagtha amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (I.R. Uimh. 549 de 2018), maidir leis an mapáil straitéiseach torainn agus próisis an phlean gníomhaíochta i leith torainn:

**Tábla 1.1:** Amlínte táscacha do Bhabhta 4 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn

| **Gníomhaíocht** | **Babhta 4** |
|---|---|
| Dréachtphlean Gníomhaíochta i leith Torainn le cur faoi bhráid GCC lena athbhreithniú. | R1 2024 |
| Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí Natura 2000 | R2 2024 |
| Comhairliúchán poiblí (6 seachtaine) maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaíochta i leith Torainn. | R2 2024 |
| Nuashonrú le déanamh ar an Dréachtphlean Gníomhaíochta i leith Torainn tar éis tuairimí GCC a fháil. | R3 2024 |
| An Dréachtphlean Gníomhaíochta i leith Torainn le cur faoi bhráid GCC chun athbhreithniú deiridh a dhéanamh air. | R3 2024 |
| An Plean Gníomhaíochta i leith Torainn Deiridh (4ú babhta), a chuirfidh GCC faoi bhráid CE. | R1 2025 |
| Foilseoidh na húdaráis inniúla An Plean Gníomhaíochta i leith Torainn Deiridh i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha. | R2 2025 |

## 2. Torann agus Éifeachtaí ar an tSláinte agus ar Chaighdeán na Beatha

### 2.1 Táscairí Leibhéil Torainn

Tá réimse méadracha torainn ann ar féidir a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar thorann timpeallachta agus é a bhainistiú. Chun caighdeánú a dhéanamh ar thomhais torainn agus ar mhodhanna measúnaithe, tá gá le táscaire torainn coiteann.
Sonraítear in Airteagal 6.2 de TTT dhá tháscaire leibhéal torainn atá le húsáid agus léarscáileanna torainn timpeallachta agus pleananna gníomhaíochta á n-ullmhú, Lden agus Lnight. Is táscaire rátála torainn é Lden, seachas leibhéal torainn, agus tá sé bunaithe ar leibhéil torainn an lae, an tráthnóna agus na hoíche, agus cuirtear ualuithe i bhfeidhm bunaithe ar na tréimhsí éagsúla. Úsáidtear Lnight go hiondúil chun suaitheadh codlata a mheas.

**Tábla 2.1:** Táscairí leibhéil torainn a úsáidtear le haghaidh Léarscáileanna Torainn

| | |
|---|---|
| $L_{den}$ | • Táscaire torainn lae-tráthnóna-oíche<br>• Ionadaíoch don tréimhse 24 uair an chloig<br>• Cuirtear pionós 5 dB i bhfeidhm ar leibhéil an tráthnóna agus pionós 10 dB ar leibhéil na hoíche chun íogaireacht bhreise daoine i leith torainn le linn na dtréimhsí sin a léiriú<br>• Táscaire torainn le haghaidh crá foriomlán |
| $L_{night}$ | • Leibhéal fuaime coibhéiseach oíche<br>• Ionadaíoch don tréimhse oíche (23:00-07:00 a chlog)<br>• Táscaire torainn le haghaidh suaitheadh codlata |

Socraítear na meánluachanna fadtéarmacha bliantúla don lá, don tráthnóna agus don oíche agus ansin comhcheanglaítear iad chun an meán bliantúil Lden a léirítear a chur ar fáil. Cuirtear pionóis i bhfeidhm le linn thréimhsí an tráthnóna agus na hoíche agus measúnú á dhéanamh ar Lden chun fianaise a chur san áireamh a thaispeánann nach mbíonn an fhreagairt ar leibhéil torainn aonfhoirmeach ar feadh na tréimhse 24 uair an chloig. Mar shampla, d'fhéadfadh formhór na ndaoine a mheas go bhfuil leibhéal sonraithe torainn i rith an lae inghlactha. Mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil an leibhéal céanna torainn sin chomh inghlactha céanna san oíche. Liostaítear i dTábla 2.2 thíos méadracha eile a bhaineann le torann timpeallachta, agus iad go léir curtha in iúl i dtéarmaí dB.

**Tábla 2.2:** Táscairí leibhéal torainn eile a bhaineann le torann timpeallachta

| | |
|---|---|
| $L_{Amax}$ | • Uasleibhéal fuaime le linn na tréimhse tomhais |
| $L_{Aeq,\ T}$ | • Leibhéal fuaime coibhéiseach sa tréimhse T uaireanta<br>• Is iad $L_{Aeq,\ 16hr}$, $L_{Aeq,\ 24hr}$ is coitianta |
| SEL | • Is ionann é seo i bhfoirm uimhreacha agus an fuinneamh fuaime iomlán a bhaineann le teagmhas, arna normalú go 1 soicind |

Baineadh úsáid as méadrach torainn $L_{Aeq,16hr}$ i gcinntí pleanála agus bainistíochta torainn mar léiriú ar an leibhéal torainn iomlán i rith an lae, mar aon leis an leibhéal $L_{night}$ atá ina leibhéal torainn $L_{Aeq,\ 8hr}$.

## 2.2 Éifeachtaí ar an tSláinte agus ar Chaighdeán na Beatha

Is féidir le torann tionchar mór a bheith aige a chuireann isteach ar an saol laethúil. Ó cuireadh na Rialacháin maidir le Torann Timpeallachta i bhfeidhm, rinneadh an-chuid staidéar ar na naisc idir neamhchosaint ar thorann timpeallachta agus an tsláinte. Chuir na staidéir sin foinsí torainn iompair san áireamh lena n-áirítear bóithre, iarnróid agus aerárthaí, agus braitheann na freagraí ar an bhfoinse. Mar thoradh ar an taighde sin d'fhorbair eagraíochtaí cosúil leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) treoirlínte agus comhairle bunaithe ar athbhreithnithe agus ar mheitea-anailís ar an taighde atá ar fáil, 'Burden of Disease from Environmental Noise' (2011). Léirítear fianaise sa taighde sin a thacaíonn le nasc a bheith idir torann timpeallachta agus roinnt de na fadhbanna sláinte seo a leanas nó iad go léir:

- Galar cardashoithíoch – lena n-áirítear hipirtheannas, galar corónach croí, ionfharchtadh miócairdiach géar agus stróc;
- Lagú cognaíoch – lena n-áirítear an tionchar ar léitheoireacht agus ar oideachas leanaí;
- Suaitheadh codlata – i.e., cur isteach ar an gcodladh agus ar an dúiseacht;
- Crá – i.e., ag éirí níos suaite nó níos buartha faoi thorann; agus
- Folláine – i.e., tionchair ar cháilíocht na beatha agus ar an meabhairshláinte.

Léirítear i dtaighde go bhféadfadh fadhbanna tromchúiseacha sláinte a bheith mar thoradh ar neamhchosaint daoine ar leibhéil torainn os cionn 65 dB(A) i rith an lae. Go ginearálta, bíonn leibhéil torainn i gcathracha idir 60-70 dB(A), agus leibhéil fo-uirbeacha idir 50-60 dB(A). Tá treoirleibhéil leagtha amach ag EDS maidir le crá ag 53 dB(A), leibhéal nach gcuirfidh isteach ar thromlach na ndaoine fásta go measartha nó go tromchúiseach i rith an lae.

In 2009 d'fhoilsigh Oifig Réigiúnach Eorpach EDS na 'Treoirlínte Torainn Oíche don Eoraip' (2009). Cuireadh fianaise i láthair a chruthaigh an damáiste a dhéantar do shláinte an duine de bharr neamhchosaint fadtéarmach ar thorann san oíche agus moladh luachanna tairsí a chuirfeadh an tsláinte i mbaol dá sárófaí iad san oíche. Moltar sna treoirlínte meánluach bliantúil neamhchosanta nach mó ná 40 dB(A) lasmuigh san oíche. Moltar go mbeadh an leibhéal sin ina sprioc do threoirlínte torainn oíche chun an pobal a chosaint, lena n-áirítear na grúpaí is leochailí ar nós leanaí, daoine a bhfuil tinneas ainsealach orthu agus daoine scothaosta. Moltar leibhéal oíche 55 dB(A) mar sprioc eatramhach do thíortha nach féidir leo na treoirlínte torainn oíche seo a chomhlíonadh sa ghearrthéarma ar chúiseanna éagsúla, agus áit a roghnaíonn lucht déanta beartas cur chuige céim ar chéim a ghlacadh.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh an An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte "Treoirlínte Torainn Timpeallachta don Réigiún Eorpach". Is é príomhchuspóir na dtreoirlínte moltaí a sholáthar chun sláinte an duine a chosaint ó neamhchosaint ar thorann a thagann ó fhoinsí éagsúla: an t-iompar (trácht ar bhóithre, iarnróid agus aerárthaí), torann tuirbíní gaoithe agus torann fóillíochta. Cuireann siad ar fáil comhairle sláinte poiblí a bhfuil fianaise mar thaca aici, rud atá riachtanach chun gníomh beartais a chur chun cinn lenar gcosnófar pobail ó éifeachtaí díobhálacha torainn. I dtreoirlínte 2018, rinneadh athbhreithniú ar an litríocht riachtanach a

theastaíonn chun taighde tábhachtach a rinneadh i réimse an torainn timpeallachta agus na sláinte a chur san áireamh ó eisíodh na treoirlínte torainn pobail agus na treoirlínte torainn oíche don Eoraip roimhe seo.

**Tá achoimre ar threoirleibhéil EDS léirithe i dTábla 2.3 thíos.**

**Tábla 2.3:** Achoimre ar Threoirluachanna EDS

| Leibhéal na héifeachta | Foinse | Leibhéal | Treoirlínte EDS |
|---|---|---|---|
| Ní bhfuarthas aon éifeachtaí ar an gcodladh | Ceann ar bith | faoi bhun 30 dB $L_{\text{night, inside}}$<br>faoi bhun 42 dB $L_{\text{Amax, inside}}$ | Treoirlínte Torainn Oíche 2009 |
| An leibhéal is ísle tionchair dhíobhálaigh a breathnaíodh maidir le torann oíche | Ceann ar bith | 40 dB $L_{\text{night, outside}}$ | Treoirlínte Torainn Oíche 2009 |
| Tá baint ag torann os cionn na leibhéil seo le drochthionchar ar an tsláinte agus éifeachtaí díobhálacha ar an gcodladh | Aerárthach | 45 dB $L_{\text{den, outside}}$<br>40 dB $L_{\text{night, outside}}$ | Treoirlínte Torainn Timpeallachta 2018 |
| | Iarnróid | 54 dB $L_{\text{den, outside}}$<br>44 dB $L_{\text{night, outside}}$ | Treoirlínte Torainn Timpeallachta 2018 |
| | Bóithre | 53 dB $L_{\text{den, outside}}$<br>45 dB $L_{\text{night, outside}}$ | Treoirlínte Torainn Timpeallachta 2018 |
| | Tuirbíní gaoithe | 45 dB $L_{\text{den, outside}}$ | Treoirlínte Torainn Timpeallachta 2018 |

Tá sé i gceist gur bunús a bheidh i dtreoirlínte EDS don phróiseas ceaptha beartais, ina ndéantar roghanna beartais a mheas.

Léiríonn treoirlínte EDS go heolaíoch go dtosaíonn na drochéifeachtaí ar an tsláinte ag 40 go 45 dB Lnight, agus gur cinnte go dtarlaíonn drochéifeachtaí ar an tsláinte thar raon 45 go 53 dB Lden, ag brath ar fhoinse an torainn. Léiríonn an taighde atá ina bhonn faoi threoirlínte EDS freisin go méadaíonn an tionchar ar an tsláinte de réir mar a mhéadaíonn neamhchosaint fadtéarmach ar thorann timpeallachta, agus gur dócha go mbeidh drochthionchar suntasach ann os cionn timpeall 53 dB Lden agus 45 dB Lnight maidir le trácht ar bhóithre.

Is é torann timpeallachta a bhaineann leis an iompar an rud is mó a chuireann le torann sa phobal, agus is é an chúis is mó é le crá, leis an suaitheadh codlata agus leis an ábhar imní don tsláinte phoiblí. Is é torann ó thrácht ar bhóithre is mó is cúis le torann timpeallachta, agus i dtuarascáil Delft ón gCoimisiún Eorpach 'Torann tráchta a laghdú san Eoraip – Éifeachtaí ar an tsláinte, costais shóisialta agus roghanna teicniúla agus beartais chun torann tráchta ar bhóithre agus iarnróid a laghdú' (2007), meastar go bhfuil thart ar 210 milliún saoránach de

chuid an Aontais Eorpaigh (AE) a bhíonn neamhchosanta go rialta ar thorann 55 dB(A) nó níos mó ó thrácht ar bhóithre. Is iad na gluaisteáin phaisinéirí agus leoraithe is mó a chuireann le torann ó thrácht ar bhóithre, agus bíonn tionchar beag freisin ag busanna agus ag gluaisrothair.

Dealraíonn sé go dtugtar le fios sa chuid is mó den fhianaise a bhailigh taighdeoirí le 10 mbliana anuas go bhfuil daoine ag éirí níos cráite ag torann timpeallachta agus go mbíonn éifeachtaí ag an torann timpeallachta ar an tsláinte ag leibhéil neamhchosanta níos ísle ná mar a ceapadh roimhe seo. Tá taighde ar bun, agus táthar ag súil go n-eiseoidh EDS treoirlínte breise le linn thréimse an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn seo.

## 3. Creat Dlí agus Beartais AE

### 3.1 Beartas agus Treoir AE

Achtaítear an creat dlíthiúil agus beartais a bhaineann le torann timpeallachta a bhainistiú agus a rialú trí reachtaíocht, rialachán agus treoir Idirnáisiúnta, Eorpach, Náisiúnta agus áitiúil. Féachtar i dtreoracha agus i rialacháin an Aontais Eorpaigh le comhbheartais a shainiú ar fud na hEorpa. Tá na cinn is ábhartha maidir le torann leagtha amach thíos. Ní mór Treoracha Eorpacha a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát trí reachtaíocht phríomha náisiúnta. Tá Rialacháin AE infheidhme go díreach i ngach Ballstát gan gá le reachtaíocht phríomha náisiúnta, ach go minic beidh gá le píosa gaolmhar reachtaíochta náisiúnta chun na húdaráis inniúla ábhartha a bhunú nó a ainmniú agus aon chumhachtaí is gá a shannadh don ról.

#### 3.1.1 Plean Gníomhaíochta maidir leis an Truailliú Nialasach

I mí na Bealtaine 2021, sheol an tAontas Eorpach an Plean Gníomhaíochta maidir leis an Truailliú Nialasach (PGTN) le fís do 2050 go laghdófar truailliú aeir, uisce agus ithreach go leibhéil nach ndéanann dochar don tsláinte ná d'éiceachórais nádúrtha a thuilleadh. Áirítear sna spriocanna atá le baint amach faoi 2030 *"laghdú 30% ar an sciar daoine atá suaite ar bhonn ainsealach de bharr torann iompair"*, i gcomparáid le 2017.

Foilsíodh an chéad Tuarascáil chomhtháite Faireacháin agus Ionchais maidir leis an Truailliú Nialasach, ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, i mí na Nollag 2022, agus measadh inti nach dócha go dtiocfaidh laghdú níos mó ná 19% faoi 2030 ar líon na ndaoine atá suaite ar bhonn ainsealach de bharr torann iompair ar bhóithre (i.e. i bhfad faoi bhun na sprice laghdaithe 30% a leagadh síos sa phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach) mura ndéantar sraith mór beart breise ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus mura ndéantar laghdú mór breise ar thruailliú torainn trí ghníomhaíocht threisithe de chuid AE in earnálacha ábhartha.

Chun tacú le PGTN, tugadh faoin tionscadal PHENOMENA chun bearta maolaithe torainn cost-éifeachtúla a shainaithint a d'fhéadfadh cabhrú le húdaráis inniúla laghduithe torainn a bhaint amach i gcodanna móra den daonra neamhchosanta. Sa leagan roimhe seo de threoir GCC maidir le pleanáil gníomhaíochta i leith torainn, díríodh bearta maolaithe torainn ar láithreacha atá neamhchosanta ar leibhéil arda torainn, ach i gcomhthéacs PGTN, áfach, moladh go sainaithneofaí Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) agus go ndíreofaí ar ghníomhaíochtaí chun torann a laghdú sna limistéir sin, rud a thacódh níos mó le haidhmeanna PGTN.

#### 3.1.2 Tuarascálacha EEA

Sonraítear in TTT go n-ullmhóidh na Ballstáit Plean Gníomhaíochta i leith Torainn 5 bliana agus go dtuairisceoidh siad faoi na hoibreacha a rinneadh chun spriocanna maolaithe agus laghdaithe torainn a bhaint amach. Cuirtear tuarascálacha dá leithéid faoi bhráid GCC gach bliain. Is ar GCC atá an fhreagracht ansin faisnéis a thuairisciú don Choimisiún Eorpach a bhaineann le mapáil straitéiseach torainn agus pleanáil gníomhaíochta dá réir agus tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn faoi Rialachán 2019/1010, Oibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol. Cuirfear an Plean Gníomhaíochta i leith Torainn críochnaithe deiridh faoi bhráid EEA i ráithe 1 de 2025 agus cuirfear tuarascálacha bliantúla ar an dul chun cinn isteach i ráithe 1 chuile

bhliain thar théarma 5 bliana PGT.

## 3.2 Rialacháin agus Treoir AE

### 3.2.1 Treoir maidir le Torann Timpeallachta 2002/49/CE

Baineann an Treoir maidir le Torann Timpeallachta 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú. Is é aidhm na Treorach:

> *"chun cur chuige coiteann a shainiú atá ceaptha na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint ar thorann, a sheachaint, a chosc nó a laghdú ar bhonn tosaíochta".*

Agus chuige sin tá próiseas comhtháite chun torann a bhainistiú leagtha amach ina thrí chéim:

- Tabhairt faoi mhapáil straitéiseach torainn chun neamhchosaint ar thorann a dhéanamh amach;
- A chinntiú go gcuirtear eolas faoi thorann timpeallachta agus a éifeachtaí ar fáil don phobal;
- Pleananna gníomhaíochta a ghlacadh, bunaithe ar thorthaí na mapála torainn, d'fhonn torann timpeallachta a chosc agus a laghdú nuair is gá agus go háirithe nuair is féidir leis na leibhéil neamhchosanta ar thorann éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar shláinte an duine agus d'fhonn cáilíocht an torainn timpeallachta a chaomhnú áit a bhfuil sí go maith.

Is iad seo na sainmhínithe a thugtar sa Treoir ar mhapáil torainn, ar léarscáileanna straitéiseacha torainn agus ar phleananna gníomhaíochta:

- *'mapáil torainn', sin sonraí a chur i láthair maidir le cás ina bhfuil torann ann cheana nó ina dtuartar go mbeidh torann i dtéarmaí táscaire torainn, lena léireofar sáruithe ar aon uasluach ábhartha atá i bhfeidhm, líon na ndaoine a gcuirtear isteach orthu i limistéar áirithe, nó líon na n-áiteanna cónaithe atá neamhchosanta ar luachanna áirithe táscaire torainn i limistéar áirithe;*
- *'léarscáil straitéiseach torainn', sin léarscáil atá leagtha amach chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar neamhchosaint ar thorann i limistéar ar leith de bharr foinsí éagsúla torainn nó chun tuartha foriomlán a dhéanamh maidir le limistéar den sórt sin;*
- *'pleananna gníomhaíochta', sin pleananna atá leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar fhadhbanna agus éifeachtaí torainn, agus torann a laghdú más gá.*

Ceanglaítear ar na Ballstáit in TTT na trí chéim den phróiseas a dhéanamh gach 4-5 bliana. Forbraíodh an plean seo, Plean Gníomhaíochta i leith Torainn 2024 – 2028 leis an bpróiseas comhtháite bainistíochta torainn dá dtagraítear thuas.

### 3.2.2 Treoir AE 2015/996

I mí Iúil 2015 d'fhoilsigh an Coimisiún Treoir 2015/996 lenar leagadh amach modhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar thorann de réir Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bhí sé sin in ionad Iarscríbhinn II de TTT, baineadh amach na Modhanna Eatramhacha molta, agus leagadh amach na modhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar thorann.
Leagtar amach sa Treoir na modhanna a úsáidtear chun torann a ríomh (CNOSSOS-EU) agus is é sin an modh a úsáidtear le haghaidh léarscáileanna straitéiseacha torainn faoi TTT ón 31 Nollaig 2018 i leith.

Féadfar na modheolaíochtaí CNOSSOS-EU i dTreoir 2015/996 a achoimriú mar a leanas:

- Foinse tráchta ar bhóithre
- Foinse tráchta ar iarnróid
- Foinsí torainn tionsclaíochta
- Samhail forleata d'fhoinsí bóthair, iarnróid agus tionsclaíochta
- Aerárthaí
- Measúnú ar neamhchosaint

# 4. Creat Dlí agus Beartais Náisiúnta

## 4.1 Beartas agus Treoir Náisiúnta

Achtaítear an creat dlíthiúil agus beartais a bhaineann le torann timpeallachta a bhainistiú agus a rialú trí reachtaíocht, rialachán agus treoir ar an leibhéal Idirnáisiúnta, Eorpach, náisiúnta agus áitiúil.

### 4.1.1 Éire 2040 – An Tionscadal – An Creat Náisiúnta Pleanála, 2017

In 2018, d'eisigh an Rialtas An Creat Náisiúnta Pleanála 2040[1], lena n-áirítear Cuspóir Beartais 65 chun:

> *"Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí threoir náisiúnta pleanála agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn"*

Go bunúsach is iad na pleananna spásúlachta náisiúnta ardleibhéil in Éirinn a bheidh ina dtreoir áit a bhfuil an bhéim ar fhás daonra agus ar an bhfás eacnamaíoch. Ba cheart do na hÚdaráis Áitiúla an Creat Náisiúnta Pleanála agus na trí Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha (atá á n-ullmhú faoi láthair) a chur san áireamh agus a bpleananna gníomhaíochta i leith torainn á bhforbairt acu.

Sonraítear cuspóir sa Chreat Pleanála Náisiúnta maidir le treoir pleanála náisiúnta a fhorbairt i leith torann timpeallachta.

### 4.1.2 Pleanáil

Go ginearálta, níl aon teorainneacha sainordaitheacha náisiúnta torainn i bhfeidhm in Éirinn, agus níl aon teorainneacha sainordaitheacha ann a bhaineann go sonrach le hearnálacha. Dhá eisceacht shuntasacha is ea:

- iad siúd dá dtagraítear sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2008, I.R. Uimh. 235/2008, ina sonraítear teorainn torainn 43 dB i ndáil le foinsí táirgthe fuinnimh ar scála beag cosúil le coirí, tuirbíní gaoithe, caidéil teasa agus gléasraí CTÉ, agus
- fodhlíthe a eisítear maidir le buscáil.

Seachas saoráidí IED/IPPC a rialaíonn GCC, is iad na hÚdaráis Áitiúla a rialaíonn formhór na saoráidí, trí chead pleanála agus trí cheadanna. Sa chás ina gcruthaítear gur sáraíodh teorainneacha a ghabhann le toilithe den sórt sin, féadfaidh Údarás Áitiúil leas a bhaint as na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2020 agus/nó as Acht GCC a mhínítear thuas.

### 4.1.3 Treoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

- Treoirlínte Torainn
- Reachtaíocht Torainn

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tÚdarás Inniúil Náisiúnta atá ainmnithe

chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta.

Déantar na Rialacháin um Thorann Comhshaoil 2006 a athbhreithniú agus a chúlghairm i **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (I.R. Uimh. 549/2018)** agus a leasú in **I.R. Uimh. 663/2021 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)**.

#### 4.1.4 Treoirlínte Torainn

Sna Treoirlínte maidir le Torann Timpeallachta 2018, leagann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) amach an chaoi ina bhfuil méadú ag teacht ar an truailliú torainn i mbailte agus i gcathracha na hEorpa. Leagtar amach sna treoirlínte an chaoi a mbíonn tionchar diúltach ag torann iomarcach, go háirithe ó fhoinsí iompair (trácht ar bhóithre, iarnróid agus aerárthaí), ar an tsláinte agus ar an bhfolláine.

Léirigh staidéar EDS go bhfuil tionchar ag torann ar an gcodladh agus ar fheidhmiú cardashoithíoch agus meitibileach. Tá laghdú torainn ar cheann de na spriocanna atá i Plean Gníomhaíochta maidir leis an Truailliú Nialasach an Aontais Eorpaigh agus sa Treoir maidir le Torann Timpeallachta.

Tá idirbheartaíocht á déanamh ar leibhéal AE faoi láthair maidir le treoirlínte EDS a chur i bhfeidhm. Beidh tionchar ag toradh an phróisis sin ar fhorbairt aon bheartais Náisiúnta Torainn in Éirinn amach anseo. Is í an Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide an príomhúdarás i leith an réimse beartais seo.
Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil, féach **Tábla 2.3 Treoirlínte EDS maidir le Torann Timpeallachta**.

#### 4.1.5 Reachtaíocht Torainn

Tá **Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Torann Timpeallachta (TTT), CE 2002/49/CE,** trasuite i ndlí na hÉireann mar Ionstraimí Reachtúla: **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (I.R. Uimh. 549/2018)** agus a leasú **I.R. Uimh. 663/2021 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)**

- Ceanglaítear ar na Ballstáit sa Treoir maidir le Torann Timpeallachta (TTT) léarscáileanna straitéiseacha torainn agus pleananna gníomhaíochta maidir le bainistíocht torainn a ullmhú agus a fhoilsiú gach cúig bliana.
- Is é is aidhm le TTT creat coiteann a chur ar fáil chun éifeachtaí díobhálacha de bharr neamhchosaint ar thorann timpeallachta a sheachaint, a chosc nó a laghdú, ar bhonn tosaíochta. Is féidir é sin a dhéanamh trí léarscáileanna straitéiseacha torainn a ullmhú agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

In 2018, d'fhoilsigh EDS treoir do lucht déanta beartas maidir leis na leibhéil torainn a mheastar ag a mbíonn éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte agus ar an gcodladh nuair a sháraítear iad. Tá na leibhéil treorach EDS sin níos ísle ná na tairseacha tuairiscithe sainordaitheacha maidir le leibhéal torainn de 55 dB (Lden) agus 50 dB (Lnight) atá sa Treoir maidir le Torann Timpeallachta (TTT).

### 4.1.6 Teorainneacha Torainn

Cé go bhfuil ceanglas san áireamh in TTT maidir le luachanna aon teorainneacha torainn atá i bhfeidhm a thuairisciú agus a phoibliú, ní leagtar amach luachanna maidir le teorainneacha torainn ná ní cheanglaítear ar na Ballstáit ná ar údaráis inniúla teorainneacha torainn a leagan amach. Níor tháinig aon athrú ar an gcur chuige sin le foilsiú Iarscríbhinn III leasaithe TTT le déanaí, lena leagtar amach modhanna measúnaithe ar na héifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag torann timpeallachta.
I bhfianaise threoir na bliana 2018 ó EDS agus na solúbthachta a thugann TTT do thíortha leibhéil torainn a thuairisciú atá faoi bhun na gceanglas tuairiscithe sainordaitheach, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh ar an indéantacht, ar chostais agus ar thosaíocht sula dtabharfaidh an roinn ábhartha isteach treoir maidir le luachanna nó teorainneacha torainn. Tugtar aitheantas do na breithnithe sin i dtreoirlínte EDS.

In éagmais treoir phleanála a bheith ag Éirinn, in 2021 d'ullmhaigh údaráis áitiúla Dréacht-Treoir Náisiúnta Eatramhach chun Torann Iompair a Bhreithniú maidir le Forbraíochtaí Cónaithe Nua a dhearadh faoi fhoghrúpa de chuid Mheitheal Náisiúnta NIECE na nÚdarás Áitiúil maidir le Torann. Áirítear sa dréacht-treoir sin ardmhian uileghabhálach gur cheart dea-dhearadh fuaimiúil a chur i bhfeidhm ón uair a chuirtear tús leis na forbraíochtaí cónaithe nua a dhearadh agus moltar inti leas a bhaint as cur chuige ProPG chun aird daoine a dhíriú ar thorann agus ar BS 8233:2014 agus treoirlínte maidir le AVO.

Tá tionchar ag aidhm Cuspóir Beartais Náisiúnta 65 ar straitéisí agus pleananna réigiúnacha agus áitiúla chun tacú le mapáil straitéiseach torainn agus bainistíocht réamhghníomhach torainn a fhorbairt trí phleanáil gníomhaíochta i leith torainn, lena n-áirítear béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le limistéir chiúine do phobail.

Aithnítear sa Phlean Forbartha Áitiúil gurb é trácht ar bhóithre an phríomhfhoinse torainn in Uíbh Fhailí agus déantar breithniú i gCaibidil 7: Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus an tIompar agus Caibidil 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha maidir le torann a thabhairt chuig daoine agus daoine a thabhairt chuig torann.

Sna cuspóirí torainn a bhaineann le trácht, TR O53 (Torann agus Iompar) agus TR O54 (Forbairt atá Íogair ó thaobh Torainn de) áirítear breithniú ar an gceanglas bearta maolaithe cuí a shainaithint chun torann tráchta a laghdú nuair a d'fhéadfadh na leibhéil dochar a dhéanamh do shláinte an duine agus gur ceart forbraíochtaí beartaithe atá íogair ó thaobh torainn de agus atá in aice le príomhbhóithre a dhearadh agus a thógáil chun suaitheadh torainn a íoslaghdú, agus dea-phróisis deartha fuaime á n-úsáid de réir ProPG agus bunaithe ar mholtaí ó EDS.

Cuirtear ceanglais i láthair sna Caighdeáin Bainistíochta Forbartha ina leagtar amach go mbeidh forbraíochtaí fad íosta siar ó chatagóirí éagsúla bóithre chun srian a chur le suaitheadh torainn. D'fhéadfadh fad níos giorra a bheith inghlactha má dhéantar bearta chun torann a theorannú go leibhéil inghlactha agus má chuirtear dea-dhearadh fuaime san áireamh.

#### 4.1.7 Treoir Bhonneagar Iompair Éireann

D'fhoilsigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta na 'Treoirlínte maidir le Láimhseáil Torainn agus Creathaidh i Scéimeanna Bóithre Náisiúnta' (2004, leasaithe ag BIÉ in 2014). Cuirtear ar fáil sna treoirlínte spriocanna dearaidh maidir le torann a bhaineann leis na céimeanna tógála agus oibriúcháin i scéimeanna bóithre nua. Don chéim oibriúcháin is é an sprioc dhearaidh a mholtar luach saor-réimse Lden ≤ 60 dB.

Caithfidh aon scéim bóithre nua atá beartaithe an sprioc dhearaidh a chur san áireamh maidir le haon áiteanna cónaithe atá ann cheana. Cuirtear i láthair cur chuige i dtreoirlínte BIÉ chun éifeachtaí díobhálacha torainn ó scéimeanna bóithre náisiúnta a mhaolú chomh fada agus is féidir trí úsáid a bhaint as bearta cosúil le hathruithe ar ailíniú, bacainní agus úsáid a bhaint as cosáin bhóithre torannlaghdaitheacha. Is ar an údarás pleanála ábhartha atá an fhreagracht polasaithe maolaithe torainn a fhorbairt a bhaineann le haon fhorbraíochtaí nua atá beartaithe atá íogair ó thaobh torainn de in aice le scéimeanna bóithre atá ann cheana nó atá pleanáilte.

Is é Bóithre Náisiúnta 2040 (NR2040) straitéis fhadtéarmach BIÉ chun an gréasán Bóithre Náisiúnta a phleanáil, a oibriú agus a chothabháil. Forbraíodh an straitéis chun tacú le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála 2040 a sheachadadh agus chun ailíniú le Creat Náisiúnta Infheistíochta na Roinne Iompair don Iompar in Éirinn. Is é ceann de phríomhfhíseanna na straitéise gur cheart go mbeadh an gréasán bóithre náisiúnta inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de:
"Is í an inbhuanaitheacht chomhshaoil an bhunchloch d'inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch in Éirinn, ag seachaint agus nuair nach féidir é a sheachaint tionchair chomhshaoil lena n-áirítear athrú aeráide, cáilíocht an aeir agus torann chomh maith le tionchair bhithéagsúlachta na mBóithre Náisiúnta."

Baineann go leor de na saincheisteanna sa straitéis le dícharbónú agus leis an ngá atá le gáis ceaptha teasa agus astaíochtaí carbóin a laghdú, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023, agus deiseanna féideartha a sholáthar do chomhghnóthachain maidir le torann a laghdú (e.g. trí thaisteal gníomhach, soghluaisteacht chomhtháite, cothabháil agus oibreacha feabhsúcháin ar an ngréasán bóithre náisiúnta, bogadh i dtreo feithiclí príobháideacha leictreacha). Mar sin féin, cé go bhfuil tacaíocht ghinearálta in NR2040 do mhaolú torainn a bhaineann leis an iompar, níl aon chóras náisiúnta maoinithe ar fáil chun bearta maolaithe a chur i bhfeidhm nuair a d'fhéadfaí iad a mholadh trí PGTanna.

Foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2023 an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainneacha, a raibh an Roinn Iompair i gceannas air, de réir Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais, 2021 - 2030. D'fhéadfadh sé go laghdófaí an leibhéal torainn ar na bóithre má thugtar isteach na moltaí atá beartaithe, cé nach é sin an phríomhsprioc.

Is é an príomh-mholadh ná go dtabharfaí isteach luasteorainn réamhshocraithe 30 km/h i limistéir ina bhfuil go leor foirgneamh agus i limistéir uirbeacha. Ba cheart go mbeadh teorainn 30 km/h i bhfeidhm, i ngach lárionad uirbeach, ar gach bóthar cónaithe agus i

suíomhanna ina bhfuil líon mór úsáideoirí bóithre atá leochaileach nó gníomhach. Tá eisceachtaí ann maidir leis an moladh (m.sh. limistéir choisithe agus spásanna/limistéir atá roinnte ina mbeadh luasteorainn 20 km/h i bhfeidhm, 50 km/h do bhóithre náisiúnta, réigiúnacha, artaireacha agus príomhbhealaí iompair phoiblí etc.). Moltar go bhfanfadh luasteorainneacha réamhshocraithe mar a chéile ar an ngréasán bóithre tuaithe ach amháin i gcás Bóithre Náisiúnta den dara grád, áit a moltar go laghdófaí an Luasteorainn réamhshocraithe ó 100 km/h go 80 km/h, agus bóithre áitiúla áit a moltar an Luasteorainn réamhshocraithe a laghdú ó 80 km/h go 60 km/h.

Tá roinnt moltaí sonracha ann maidir le luasteorainneacha a chur i bhfeidhm i gcúinsí áirithe cosúil le Sráideanna Rothaíochta (Uirbeach), Limistéir Luais Scoile, Spásanna/Limistéir Roinnte Uirbeacha, Limistéir Choisithe, Limistéir Mhalla, Lánaí Ciúine etc. Tá tús curtha ag an Roinn Iompar leis an obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte atá ann cheana maidir le luasteorainneacha a bhainistiú agus a shocrú agus tá sé beartaithe go dtabharfar isteach reachtaíocht chun moltaí a chur i bhfeidhm in 2024.

## 4.2 Reachtaíocht Náisiúnta

### 4.2.1 Rialacháin maidir le Torann Timpeallachta 2018

Trasuítear TTT ina dhlí ar leith i ngach Ballstát AE. In Éirinn, déantar an Treoir seo a thrasuí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 (arna leasú), I.R. Uimh. 549 de 2018 (Rialacháin). Déantar foráil sna Rialacháin sin do chur chuige coiteann laistigh den Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm in Éirinn atá ceaptha na héifeachtaí díobhálacha, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint ar thorann, a sheachaint, a chosc nó a laghdú ar bhonn tosaíochta. Tá feidhm ag na Rialacháin maidir le torann timpeallachta ar a bhfuil daoine neamhchosanta, go háirithe i limistéir ina bhfuil go leor foirgneamh, i bpáirceanna poiblí nó i limistéir chiúine eile i gceirtleán, i limistéir chiúine amuigh faoin tír, in aice le scoileanna, in aice le hospidéil, agus in aice le foirgnimh agus limistéir eile atá íogair ó thaobh torainn de.
Déantar athbhreithniú agus cúlghairm sna rialacháin ar na Rialacháin um Thorann Comhshaoil 2006, I.R. 140/2006, agus déantar Treoir 2015/996 a thrasuí. Áirítear i Rialacháin Torainn 2018 an príomhthéacs míniúcháin chomh maith le:

- 1ú Sceideal - Táscairí Torainn;
- 2ú Sceideal - Modhanna Measúnaithe le haghaidh Éifeachtaí Díobhálacha;
- 3ú Sceideal - Riachtanais Íosta don Mhapáil Straitéiseach Torainn;
- 4ú Sceideal - Riachtanais Íosta do Phleananna Gníomhaíochta;
- 5ú Sceideal - Sonraí atá le Seoladh chuig an gCoimisiún; &
- 6ú Sceideal - Ceirtleáin.

### 4.2.2 An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992

In Éirinn, is ón Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (1992), go príomha, a thagann forálacha reachtúla a bhaineann le truailliú torainn timpeallachta.

Aithnítear san Acht gur cineál truaillithe timpeallachta é torann agus tá forálacha ann chun déileáil le torann a mheastar a bheith 'ina núis nó a chuirfeadh sláinte an duine i mbaol nó a dhéanfadh damáiste do mhaoin nó a dhéanfadh dochar don timpeallacht'. Tá baint dhíreach ag ailt 106 go 108 den Acht leis sin, agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

- In alt 106, tugtar cumhachtaí áirithe don Aire cuí torann a rialáil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis núise nó a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don tsláinte nó do mhaoin;
- Leagtar amach in alt 107 na cumhachtaí a fhorordaítear san Acht d'údarás áitiúil nó don Ghníomhaireacht maidir le torann a chosc nó a theorannú. Baineann sé go hiondúil le torann ó shuíomhanna a rialaíonn an Ghníomhaireacht nó údarás áitiúil. Ligeann sé seo d'údaráis áitiúla nó don Ghníomhaireacht fógraí a sheirbheáil ar áitribh/ar shuíomhanna ina bhfuil gá le torann a chosc nó a theorannú. Foráiltear sna Rialacháin um an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (Torann), 1994 d'ionchúiseamh i gcás ina mainnítear ceanglais an fhógra eisithe a chomhlíonadh, agus;
- Déantar cur síos in alt 108 ar na forálacha maidir le gearáin i dtaobh núis torainn a dhéanann aon duine nó gníomhaireacht leis an gCúirt Dúiche. Fágann sé gur féidir le haon duine, aon údarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche i gcás ina meastar go bhfuil leibhéil torainn ina gcúis réasúnta le crá. Sa chás ina dtabharfaidh an chúirt breith i bhfabhar gearán faoi núis torainn, ní mór don duine nó don chomhlacht atá freagrach as an torann é a laghdú go leibhéal sonrach, teorainn a chur leis, nó deireadh iomlán a chur leis.

#### 4.2.3 Ceadúnú IED/IPPC

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí áirithe nach mór a cheadúnú faoi rialacháin IED/IPPC a bheith faoi réir coinníollacha torainn. Leagtar amach an treoir ábhartha i bhfoilseachán GCC *Nóta Treorach maidir le Torann i ndáil le Gníomhaíochtaí Sceidealta (NG4).*

## 4.3 Beartas Réigiúnach agus Áitiúil

#### 4.3.1 Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Lár na Tíre

Sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Lár na Tíre 2010 – 2022 leagtar amach spriocanna straitéiseacha don réigiún, go háirithe chun íomhá shainiúil, uathúil a fhorbairt, a phoibliú agus a shainaithint don réigiún, íomhá a mheallfaidh infheistíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch chuig an réigiún. Ba é an treoirphrionsabal a bhí ann ná íomhá an réigiúin a fhorbairt mar chroílár na hÉireann, ceantar le hardchaighdeán maireachtála i dtimpeallacht atá nach mór gan mhilleadh, a bhraitheann ar chosaint agus feabhsú leanúnach acmhainní nádúrtha luachmhara – talamh talmhaíochta, lochanna, aibhneacha, canálacha, portaigh agus ardtailte; agus oidhreacht thógtha an réigiúin. Is tábhachtach an rud é sláine na timpeallachta, cáilíocht uisce agus aeir agus an timpeallacht amhairc a chaomhnú chun an íomhá sin a chothú, rud atá ríthábhachtach chun infheistíocht a mhealladh agus chun go bhfásfaidh an daonra.

#### 4.3.2 Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála

Aithníodh leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) príomhshócmhainní, príomhdheiseanna agus príomhdhúshláin straitéiseacha réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

agus leagtar amach inti freagairtí beartais lena chinntiú go sásaítear riachtanais daoine, cosúil le rochtain ar thithíocht, poist, éascaíocht taistil agus folláine iomlán go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Áirítear inti straitéis spásúlachta do shuíomhanna fostaíochta, tithíochta agus forbartha miondíola a bheidh ann amach anseo chomh maith le tacú le bonneagar agus le seirbhísí, ar bhealach a fheabhsaíonn acmhainn ár gcathracha agus ár mbailte.

### Fíor 2: Reachtaíocht agus Treoir atá ann cheana maidir le Bainistiú Torainn

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **International** | WHO Environmental Noise Guidelines for the European Region (2018) | | | |
| **European Union** | Directive 2002/49/EC (END) | Directive 2015/996 | | |
| | Directive 2020/367 | EC Zero Pollution Action Plan | | |
| | EU Phenonena Project - 2021 | EEA Environmental Noise in Europe - 2020 | | |
| **National** | EC (Environmental Noise) Regulations, S.I. 549/2018 | EC (Environmental Noise) Regulations, S.I. 663/2021 | | |
| | Environmental Protection Agency Act 1992 | Irish Roads Act 1993 (Revised 2023) | Integrated Polution Prevention Control (IPPC) Licencing | |
| | Project Ireland 2040 - National Planning Framework | National Development Plan (NDP) 2021 - 2030 | Climate Action Plan - 2024 | National Roads - 2040 |
| | TII Guidelines - 2014 | Draft Interim National Guidance for the Consideration of Transportation Noise in the Design of New Residentail Development | EPA Noise Action Planning Guidance 2024 | |

| Key | | Key | |
|---|---|---|---|
| (blue) | **Legislation in R4 NAP** | (green) | **Policy/Strategy in R4 NAP** |
| (orange) | **Research Evident supporting R4 NAP** | (white) | **Guidance in R4 NAP** |

## 5. An tÚdarás atá Freagrach as Pleanáil Gníomhaíochta

### 5.1 Is í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí atá freagrach as an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm i gContae Uíbh Fhailí.

**Ainm agus Sonraí Teagmhála:**
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Áras an Chontae,
Bóthar Bhaile an Bhóthair,
Baile Mhic Spolláin
Tulach Mhór,
Co. Uíbh Fhailí
R35 F893

Chun fiosrúcháin a dhéanamh, déan teagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
(057) 9347403 nó Seoladh Ríomhphoist: environment@offalycoco.ie

### 5.2 Cur síos ar chomhlachtaí ábhartha eile

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as achoimrí ar na pleananna gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Tá Bonneagar Iompair Éireann freagrach as na Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn a chur ar fáil a úsáidtear chun PGT Babhta 4 a chur i bhfeidhm agus tá baint dhíreach acu le cur i bhfeidhm aon bhearta maolaithe ar na bealaí náisiúnta.

### 5.3 Athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta i leith torainn roimhe seo

Tá athbhreithniú bliantúil déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar Bhabhta 3 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn agus chuir siad na hathbhreithnithe bliantúla faoi bhráid GCC.

Seo a leanas achoimre ar na bearta maolaithe torainn a cuireadh i bhfeidhm le linn PGT 2018 – 2023 agus athbhreithniú ar thoradh na mbeart sin.

#### 5.3.1 Bearta a Rinneadh

I measc na ngníomhaíochtaí a liostaítear sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2018 - 2023 bhí bearta pleanála gníomhaíochta agus beartas torainn a chloínn leis an dea-chleachtas a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae (2021-2027). Trí thorann timpeallachta a chur san áireamh i gcéim phleanála na bhforbairtí is féidir feabhas mór a chur ar cháilíocht

fhuaimiúil na bhforbairtí atá ann cheana agus na bhforbairtí a bheidh ann tríd na huirlisí riachtanacha a sholáthar do phleanálaithe chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag torann i limistéir íogaire a mheasúnú agus a rialú. Áirítear sa Phlean Forbartha Contae breithnithe torainn atá bunaithe ar an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2018-2023. Meastar gur céim thábhachtach é sin i bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn na Comhairle a chur i bhfeidhm go leanúnach, plean atá dírithe ar an bpobal a chosaint ó na héifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag torann timpeallachta.

Mar gheall ar acmhainní teoranta níor cuireadh i gcrích roinnt gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chlár Oibreacha don Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2018-2023 le linn a shaolré.

Seo a leanas roinnt beart a rinneadh chun cuidiú bainistíocht a dhéanamh ar thorann timpeallachta:

- Críochnaíodh cuarbhealach nua i dtuaisceart Éadan Doire in 2023 agus laghdaíodh an sruth tráchta tríd an mbaile, rud a d'fhág gur laghdaíodh na leibhéil torainn tráchta. Bhain muintir na háite agus na húsáideoirí tráchtála feadh an R402 leas as sin, mar gheall ar laghdú measta 2 – 5dB ar na leibhéil torainn. Tugadh tosaíocht don R402 sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2018-2023.
- San áireamh i bPleananna Áitiúla Thulach Mhór, Bhiorra agus Éadan Doire tá rialú agus bainistiú torainn – glacadh na pleananna sin in 2023.

Athdhromchlú bóthair: Meastar gur gné mhór i dtáirgeadh torann tráchta iad dromchlaí bóthair. Agus an méid sin á chur san áireamh, rinne an Roinn Bóithre na hoibreacha maidir le sruth tráchta in 2022.

- Cuireadh dromchla nua ar stráice 1 km den N52 i gCoill Úllaigh le hAsfalt Maisteogach Cloiche
- Dromchla frithsciorrach ar an N80 i gCluain Minse, ag baint úsáid as Asfalt Maisteogach Cloiche

Meastar gur tháinig laghdú 2 dB – 5 dB ar leibhéil torainn sna limistéir sin mar gheall ar na hoibreacha athdhromchlaithe.

- Pleananna Limistéir Áitiúil 2023 – 2027: Cuireadh san áireamh i bPleananna Áitiúla Thulach Mhór, Bhiorra agus Éadan Doire rialú agus bainistiú torainn – glacadh na pleananna sin in 2023.

- Níor cuireadh pleanáil san áireamh le haghaidh forbraíochtaí beartaithe nó le síneadh a chur le forbraíochtaí a bhaineann leis an tionsclaíocht, leis an tráchtáil agus leis an bhfóillíocht, as a dtagann torann mór a mbíonn tionchar aige ar limistéir chónaithe nó limistéir atá íogair ó thaobh torainn de. Léiríonn sé sin tiomantas do chuspóirí PGT Babhta 3 agus cé nár laghdaíodh an torann sna limistéir sin mar thoradh ar an mbeart seo, cinneadh gur cuireadh stop le méadú féideartha ar thorann i limistéir chónaithe nó i limistéir atá íogair ó thaobh torainn de.
- Mar chuid d'iarratas pleanála nua, iarradh measúnú tionchair torainn maidir le forbraíochtaí nua a bhféadfadh go mbeadh tionchar torainn acu i.e. feirmeacha gaoithe, feirmeacha gréine, áiseanna leighis, forbraíochtaí oideachais, bóithre, cairéil, giniúint agus stóráil cumhachta, oibríochtaí tráchtála nua agus forbraíochtaí tionsclaíochta. Áiríodh freisin coinníollacha pleanála a bhaineann le leibhéil torainn chun srian a chur le torann agus forbraíocht á tógáil agus á hoibriú araon.

- Mar gheall ar a suíomh ar na léarscáileanna torainn, bhí dianchoinníollacha torainn ag gabháil le forbraíocht cúraim sláinte a fuair cead pleanála agus a forbraíodh le déanaí. Rinneadh é sin lena chinntiú nach rachadh éifeachtaí díobhálacha breise ó thruailliú torainn i bhfeidhm ar úsáideoirí an fhoirgnimh. Áiríodh leis na coinníollacha sin uasghrádú ar aghaidh sheachtrach an fhoirgnimh agus bacainní laghdaithe torainn feadh na teorann seachtraí leis an N52.

- Trasnaíonn roinnt codanna de mhótarbhealach an M6 agus an M4 Contae Uíbh Fhailí. Tugadh faoi thionscadal maidir leis na bacainní laghdaithe torainn agus na dromchlaí bóithre a athsholáthar agus a uasghrádú in 2023. Leathnaíodh bacainní fuaimiúla agus athsholáthraíodh painéil a bhí damáiste.

- Cuireadh isteach roinnt lánaí rothar nó rinneadh iad a uasghrádú ar mhaithe le hinrochtaineacht agus le sábháilteacht níos fearr do choisithe agus do rothaithe i mBaile Mhic Spolláin, lár Thulach Mór.

- Tógadh bundaí torainn ag láithreacha éagsúla feadh sheachbhóthar Thulach Mhór an N52 chun cosaint a thabhairt d'fhoirgnimh atá íogair ó thaobh torainn de, a sainaithníodh mar chuid den mhaitrís tacaíochta cinnidh tosaíochta 2018 – 2023. Laghdú measta 5 dB – 10 dB a bhí ar thorann a bhain leis an iompar sna limistéir seo.

- Cuireadh san áireamh rialú agus bainistíocht torainn mar chuid d'athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae 2021 - 2027. Déantar tagairt shonrach sa Phlean Forbartha Contae anois don Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn agus do na treoirlínte bainistithe torainn ábhartha.

Mar thoradh ar na bearta a leagtar amach thuas, sainaithníodh roinnt feabhsuithe sa bhabhta léarscáileanna torainn atá ar bun faoi láthair i gcomparáid leis an mbabhta roimhe seo.

# 6. Cur síos ar an Limistéar Pleanála Gníomhaíochta

## 6.1. Cur síos ar Chontae Uíbh Fhailí

Contae atá istigh faoin tír i gCúige Laighean is ea Uíbh Fhailí. Roinneann sé teorainn le Contae na hIarmhí, Contae na Mí, Contae Chill Dara, Contae Laoise, Contae Thiobraid Árann, Contae na Gaillimhe, agus Contae Ros Comáin. Clúdaíonn Uíbh Fhailí thart ar 493,985 acra, is talamh phortaigh é an cúigiú cuid den chontae agus úsáidtear an chuid is mó den talamh don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht.

## 6.2 Cur síos ar thopagrafaíocht/limistéar geografach

Tailte droimneacha measartha réidh atá in Uíbh Fhailí, agus is talamh phortaigh atá sa chúigiú cuid díobh. Tá Sliabh Bladhma san iardheisceart, agus tá líon mór eascracha ina lár a théann chomh fada le hiarthuaisceart an chontae. Gnéithe tábhachtacha eile a bhaineann leis an tírdhreach is ea an tSionainn atá ar an teorainn thiar, agus an Chanáil Mhór a shreabhann trasna an chontae.

## 6.3 Sonraí faoin Daonra

Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2022, is é 83,150 daonra Uíbh Fhailí agus is méadú 7% é seo ó Dhaonáireamh 2016. Léirítear an fás daonra a taifeadadh sa chontae i dTábla 3.1 thíos. Tá 49% den daonra ina gcónaí sna ceantair uirbeacha níos mó cosúil le Tulach Mhór, Cúil an tSúdaire, Éadan Doire, Clóirtheach agus Biorra. Cónaíonn 5% den daonra i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe ina bhfuil an dlús daonra níos lú ná 2,000, agus tá an 46% eile den daonra ina gcónaí amuigh faoin tuath .

**Tábla 3.1 Dlús Daonra i ngach baile in Uíbh Fhailí**

| Baile - Ceantar Uirbeach | Daonra Daonáireamh 2022 | % Athrú 2016 - 2022 |
|---|---|---|
| **Tulach Mhór** | 15,598 | 6 |
| **Éadan Doire** | 7,888 | 7 |
| **Biorra** | 4,726 | 8 |
| **Clóirtheach** | 3,403 | 2 |
| **Cúil an tSúdaire** | 9,288 | 11 |
| **Beannchar** | 1,907 | 8 |
| **An Féar Bán** | 1,324 | 11 |
| **An Daingean** | 1,223 | 13 |

## 6.4 Cur síos ar an Limistéar Pleanála Gníomhaíochta

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as Pleanáil Gníomhaíochta i leith Torainn a bhaineann le príomhbhóithre a iompraíonn níos mó ná 3 mhilliún feithicil in aghaidh na bliana tríd an gcontae. Taispeántar i bhFíoracha A agus B na príomhbhóithre a sainaithníodh in Uíbh Fhailí. Chuir an t-údarás áitiúil sonraí maidir le líon feithiclí ar fáil agus rinne Bonneagar Iompair Éireann iad a chomhghaolú. Níor bhain an Plean Gníomhaíochta seo leis na foinsí féideartha torann timpeallachta a liostaítear thíos mar nach mbaineann na tosca sin le Contae Uíbh Fhailí:

- Ceirtleáin le 100,000 áitritheoir nó níos mó
- Mór-iarnróid le 30,000 aistear iarnróid nó níos mó in aghaidh na bliana
- Aerfoirt mhóra le 50,000 gluaiseacht nó níos mó in aghaidh na bliana

## 6.5 An Limistéar Ábhartha i gContae Uíbh Fhailí

Bhain an chéad timthriall den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn in 2008 le Ceirtleáin i gCathair Bhaile Átha Cliath, le Príomhbhóithre le 6 mhilliún feithicil in aghaidh na bliana, le mór-iarnróid le 60,000 paisinéir traenach in aghaidh na bliana, agus le haerfort Bhaile Átha Cliath. Ghlac na hÚdaráis Pleanála Gníomhaíochta ábhartha leis na Pleananna sin in 2008; ní raibh aon cheann de na cásanna a liostaítear ábhartha do Chontae Uíbh Fhailí.

Bhain tairseacha laghdaithe leis na critéir don dara céim den Phleanáil Gníomhaíochta in 2013, rud a d'fhág go ndearnadh mapáil straitéiseach ar Cheirtleáin i gcathracha móra, ar Phríomhbhóithre le 3 mhilliún aistear feithicle in aghaidh na bliana, agus ar mhór-iarnróid le 30,000 aistear traenach in aghaidh na bliana.

Don tríú babhta de na Pleananna Gníomhaíochta i leith Torainn in 2018, d'fhorbair BIÉ léarscáileanna straitéiseacha torainn bunaithe ar na príomhbhóithre go léir lasmuigh de cheirtleáin a chuimsíonn bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta araon, agus mar thoradh air sin, le linn na mapála straitéisí torainn, sainaithníodh roinnt bóithre i ndlínse Uíbh Fhailí.

Don cheathrú Babhta de na Pleananna Gníomhaíochta i leith Torainn 2023, rinne BIÉ bóithre neamhnáisiúnta a mhapáil thar ceann na nÚdarás Áitiúil agus bunaíodh an mhapáil ar shonraí staidrimh a chuir an tÚdarás Áitiúil ar fáil ó chomhaireamh tráchta a rinneadh ar na bealaí tráchta ardmhéide ar fud an chontae.

Léiríonn torthaí na mapála torainn gur thart ar 500 méadar ó lár an charrbhealaigh an meánfhad ag a dtiteann leibhéil torainn faoi bhun 55 dB. Dá réir sin, sainítear go bhfuil banda 1 km thart ar an gcarrbhealach "In aice" leis an mbóthar. Cuirfear réadmhaoin atá sa bhanda sin san áireamh sa chéim

mheasúnaithe den phlean gníomhaíochta i leith torainn. Ní chloífear leis an limistéar teorann áit a dtéann codanna de na bóithre trí limistéir uirbeacha fhorbartha nó trí limistéir ina bhfuil dlús ard daonra. Dá bharr sin, laghdófar an fad atá neamhchosanta ar thorann agus mar sin b'fhéidir nach saineofar ach na foirgnimh atá an-ghar don bhóthar mar fhoirgnimh atá aice leis an bhfoinse.

## 6.6 An pobal ginearálta atá neamhchosanta ar thorann tráchta i gContae Uíbh Fhailí

Tá 3 phríomhbhraisle daonra i gContae Uíbh Fhailí a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar thorann timpeallachta ó phríomhbhóithre, is iad sin Tulach Mhór, Éadan Doire agus Biorra, atá suite feadh bhealaí an N52, N80, R420 agus R402.

Tá roinnt lonnaíochtaí tuaithe feadh an M6 agus an M7 ina mbíonn torann timpeallachta ón trácht le cloisteáil, ach bhí bearta maolaithe i gceist nuair a tógadh na mótarbhealaí, mar a leagadh amach sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sna céimeanna Roghnú Bealaigh den phróiseas pleanála mótarbhealaigh, cosúil le claífoirt chré, tírdhreachú, bacainní adhmaid, agus dromchlaí bóthair torannlaghdaitheacha. Deisíodh na bearta sin nó cuireadh isteach cinn nua le linn shaolré an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2018-2023. Áirítear leis na bearta bacainní fuaimiúla a dheisiú, dromchla torannlaghdaitheach agus bearta maolaithe torainn a bhaineann leis an tírdhreach.

## 6.7 Suíomh Foirgneamh atá Íogair ó thaobh Torainn de

De réir na treorach seo agus de réir an limistéir a chlúdaítear sa phlean gníomhaíochta, sainítear na foirgnimh seo a leanas mar shuíomhanna atá íogair ó thaobh torainn de agus déantar measúnú orthu sa straitéis iomlán maidir le bainistíocht fhadtéarmach ar thruailliú torainn.

Meastar go bhfuil suíomhanna agus cineálacha áirithe foirgneamh níos íogaire ó thaobh truailliú torainn de ná cinn eile. Is í príomhthosaíocht TTT neamhchosaint ar thorann i limistéir chónaithe a laghdú, ach moltar freisin go saineofaí áiseanna oideachais agus cúraim sláinte mar fhoirgnimh atá íogair ó thaobh torainn de.

- Séipéal Cholmcille, Darú (Seachbhóthar N52 ag Teorainn an Chontae),
- Séipéal Cholmáin, An Muclach (N52 An Muclach – An Phailís),
- Eaglais Bhreandáin, Biorra, Co. Uíbh Fhailí (N52, Biorra),
- Séipéal Bhreandáin, Biorra (N52 Biorra),
- Eaglais Mhodhach Bhiorra, Biorra (N52 Biorra),
- Réamhscoil Phobail Chill Aichidh (Maria Montessori) Cill Aichidh (N80),
- Ospidéal agus Ionaid Sláinte Thulach Mhór, An tArdán, Co. Uíbh Fhailí (R421)
- Réadmhaoin chónaithe N52, N80, R421 agus R402, M6 agus M7.

## 7. Cur síos ar an mbonneagar iompair in Uíbh Fhailí

### 7.1 Gréasán Bóithre

Faoi láthair tá thart ar 2,000 km de ghréasán bóithre i gContae Uíbh Fhailí a rangaítear mar seo a leanas;

- 18 km de Phríomhbhóithre Náisiúnta M6 agus M7
- 123 km de Bhóithre Náisiúnta den dara grád lena gcuimsítear
    i. N52 (An tAonach go Dún Dealgan)
    ii. N62 (An Marcach go Baile Átha Luain)
    iii. N80 (Inis Córthaidh go dtí An Móta)
- 344 km de Bhóithre Réigiúnacha
- 1,524 km de Bhóithre Contae

### 7.2 Gréasán Iarnróid

Tá áit lárnach ag Contae Uíbh Fhailí ar na Línte Náisiúnta Iarnróid lena nasctar Gaillimh, Maigh Eo agus Lár na Tíre. Is é an plean atá ann d'Iarnród Éireann amach anseo ná minicíocht na seirbhísí ar an bpríomhlíne a mhéadú tríd an dara líne a chur isteach idir Cúil an tSúdaire agus Gaillimh, trí na naisc iompair phoiblí a neartú i dTairseach Lár na Tíre, agus naisc iarnróid a sholáthar idir Clóirtheach agus an Muileann gCearr, agus idir an Bóthar Buí agus Éadan Doire.

### 7.3 Busiompar

Is iad Bus Éireann agus oibritheoirí príobháideacha a chuireann seirbhísí poiblí bus ar fáil sa chontae. Roinntear an tseirbhís sna catagóirí seo a leanas:

- Seirbhísí Expressway Bhus Éireann.
- Seirbhísí bus scoile a chuireann Bus Éireann agus Oibritheoirí Príobháideacha ar fáil thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
- Seirbhísí Príobháideacha Bus.
- Seirbhisí Iompair Tuaithe a fhreastalaíonn ar Réigiún Uíbh Fhailí Thiar agus Réigiún Uíbh Fhailí/Cill Dara, á rith ag oibreoirí príobháideacha.

# 8. Achoimre ar Thorthaí na Mapála Torainn

## 8.1 Mapáil Straitéiseach Torainn.

Déantar meastachán sna léarscáileanna straitéiseacha torainn ar na pobail atá neamhchosanta ar thorann. Is éard atá i gceist leis na sonraí ionchuir go príomha ná faisnéis a bhaineann leis an sruth bliantúil tráchta maidir le bóithre, iarnróid agus aerárthaí, chomh maith le cineál agus luas feithiclí, dromchlaí bóthair agus cineál iarnróid, agus foinsí seasta nó soghluaiste maidir leis an tionsclaíocht.

Baineann sonraí ionchuir eile le toisí an fhoirgnimh, lena n-áirítear airde, leagan amach na talún agus clúdach talún, agus le bacainní agus droichid. Ghin BIÉ greillí CFG (córas faisnéise geografaí) de leibhéil torainn mar aschur ar an bpróiseas samhaltaithe torainn agus rinne sé léarscáileanna a thaispeánann na bandaí comhrianta torainn i gcomhrianta 5 dB ó 55 dB go >75 dB do Lden agus ó 45 dB go >70 dB Lnight.
Úsáidtear torthaí na mapála straitéisí torainn i bhforbairt Pleananna Gníomhaíochta i leith Torainn (PGTanna), trí bhonn eolais a chur faoi straitéisí pleanála gníomhaíochta atá dírithe ar thorann a mhaolú i suíomhanna ina bhfuil fadhb ann agus chun suíomhanna ciúine i gceirtleáin a shainaithint agus a chaomhnú.

Is iad príomhchuspóirí an phróisis mapála straitéisí torainn:

- meastachán straitéiseach a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach ar mhéid an daonra atá neamhchosanta ar leibhéil torainn ó fhoinsí iompair ar fud an Aontais Eorpaigh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais torainn san Eoraip amach anseo;
- eolas a chur ar fáil don phobal agus do chinnteoirí maidir le leibhéal neamhchosanta an phobail ar thorann go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- straitéisí a fhorbairt maidir le pleananna gníomhaíochta i leith torainn a bhunófar ar an meastachán ar staitisticí neamhchosanta ar thorann an daonra chun torann timpeallachta a mhaolú nuair is gá, agus i gcás ina meastar gur dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag na leibhéil neamhchosanta ar shláinte an phobail a gcuireann an torann isteach orthu;
- chun sláine limistéar ciúin i gceirtleáin a shainaithint agus a chaomhnú.

I gcomhthéacs na bpríomhbhóithre a mbíonn níos mó ná 3 mhilliún aistear orthu in aghaidh na bliana, is iad na húdaráis fhreagracha maidir leis an bpróiseas straitéiseach mapála torainn ná:

- BIÉ i gcás bóithre náisiúnta rangaithe;

- údaráis áitiúla i gcás bóithre neamhnáisiúnta. – CNOSSOS-EU)

### 8.1.1 Modheolaíocht chun Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn a fhorbairt:

Cuireadh modheolaíocht chaighdeánaithe CNOSSOS-EU i bhfeidhm don cheathrú babhta den mhapáil straitéiseach torainn in 2022. Is creat caighdeánaithe é CNOSSOS-EU don phróiseas straitéiseach mapála torainn trína leagtar amach téarmaí astaíochtaí torainn maidir le bóithre agus iarnróid, le haerárthaí agus le foinsí tionsclaíocha; téarmaí chun an laghdú de bharr forleata a mheasúnú; agus téarmaí chun neamhchosaint pobail a mheasúnú. Is éard atá i gceist le modh CNOSSOS-EU torann a ríomh i mbanda minicíochta ó 125 Hz go 4 kHz le haghaidh foinsí bóthair agus iarnróid, agus ó 63 Hz go 4 kHz le haghaidh torann tionsclaíoch.

Go ginearálta, feidhmíonn samhail CNOSSOS-EU trí fhoinsí fisiceacha torainn a roinnt ina bponcfhoinsí comhfhreagracha, an chonair forleata chuí idir an phoncfhoinse agus an glacadóir a chinneadh, agus meastacháin ó phointe go pointe a ghiniúint do gach conair forleata.

### 8.1.2 Aicmí Feithicle:

Bunaítear PGTanna i gceantar Uíbh Fhailí ar thorann a bhaineann le trácht ar bhóithre, mar sin bhí sé tábhachtach aicmiú feithiclí a chur san áireamh mar go mbainfeadh leibhéil éagsúla torainn le cineálacha éagsúla feithiclí. Le modheolaíocht UK CRTN 1998 a úsáideadh i gcomhair mapáil straitéiseach torainn in Éirinn ó 2007 go 2017, cuireadh i bhfeidhm dhá chatagóir feithiclí: ceann amháin le haghaidh feithiclí éadroma agus ceann amháin le haghaidh feithiclí tromshaothair. I gcomparáid leis sin, cuirtear cúig chatagóir feithiclí i bhfeidhm le modheolaíocht CNOSSOS-EU . Is aicme ionchasach í an cúigiú aicme feithicle, toisc go bhfuil céatadán na bhfeithiclí hibrideacha nó leictreacha ar bhóithre Eorpacha an-bheag faoi láthair. Is iad seo a leanas na cúig aicme feithiclí faoi CNOSSOS-EU:

1. mótarfheithiclí éadroma – gluaisteáin phaisinéirí, veaineanna seachadta <3.5 tona, feithiclí fóntais spóirt, feithiclí ilchuspóireacha, leantóirí agus carbháin;
2. Feithiclí meánmheáchain – veaineanna seachadta >3.5 tona, busanna, carranna turasóireachta, etc., agus feithiclí a bhfuil dhá acastóir orthu agus dhá bhonn feistithe ar an acastóir cúil;
3. Feithiclí tromshaothair, carranna turasóireachta, busanna agus feithiclí a bhfuil trí acastóir nó níos mó orthu;
4. dé-rothaigh chumhachtaithe – (1) móipéidí, trírothaigh nó cuadrothair 50cc;

5. catagóir oscailte – forbairt feithiclí a úsáideann tarraingt leictreach (feithiclí leictreacha hibrideacha nó feithiclí leictreacha iomlána). Faoi láthair níl aon sonraí ar fáil maidir le feithiclí den sórt sin san Eoraip.

Chomh maith leis na haicmí feithiclí, cuirtear san áireamh freisin an cineál dromchla bóthair reatha sna ceanglais bailithe sonraí príomhúla le haghaidh foinsí bóthair lena n-áirítear:

- sruth tráchta bliantúil;
- aicmiú feithiclí faoi CNOSSOS-EU;
- meánluas in aghaidh na haicme feithicle;
- lárlíne an bhóthair;
- cineál dromchla bóthair.

**8.1.3 Foinsí sonraí:**

Sainaithníodh na Limistéir Thábhachtacha, na Limistéir is Tábhachtaí agus liosta táscach de Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta maidir leis an torann ó phríomhbhóithre, agus ó mhór-iarnróid, nuair is cuí.

Rinne BIÉ measúnú ar leibhéil torainn maidir le trácht ar phríomhbhóithre. Dhá phríomhtháscaire torainn a chaithfear a úsáid agus na léarscáileanna straitéiseacha torainn á n-ullmhú:

- Lden – an meánleibhéal bliantúil torainn i rith an lae, an tráthnóna agus na hoíche agus tá sé deartha chun crá foriomlán a chur in iúl; agus
- Lnight – an meánleibhéal bliantúil torainn maidir le tréimhse na hoíche, ó 23:00 – 07:00, agus tá sé deartha chun suaitheadh codlata a chur in iúl.


Cuirtear san áireamh sna léarscáileanna torainn stráicí bóthair le tairseach srutha 3,000,000 aistear feithicle in aghaidh na bliana; agus trácht Iarnróid agus stráicí móra den líne iarnróid le tairseach srutha 30,000 aistear traenach in aghaidh na bliana. Rinneadh measúnú ar na foinsí torainn in 2021 agus cuireadh na sonraí le chéile agus rinneadh anailís orthu chun na Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn a tháirgeadh do Bhabhta 4 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn.

Cuireadh liosta táscach de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta mholta ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Rinneadh athbhreithniú air sin i gcomhthéacs saincheisteanna agus tosaíochtaí áitiúla.


Ceanglaítear sna Rialacháin go ndíreodh na hÚdaráis Pleanála Gníomhaíochta ar “limistéir thosaíochta” ar a dtabharfar aird agus ar an “limistéar nó ar na limistéir is tábhachtaí” d’fhonn bearta

a shainaithint a chabhróidh le héifeachtaí díobhálacha a sheachaint, a chosc nó a laghdú, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint ar thorann timpeallachta.

Léiríonn **Fíoracha A & B** thíos na limistéir ina meastar gur núis mhór é torann. Is bóithre iad seo a mbíonn níos mó ná 3 mhilliún turas cairr orthu in aghaidh na bliana. Léirítear méid an fhorleata torainn le comhrianta 5 dB in aghaidh an eatraimh. Is iad na ceithre bhóthar atá buailte go príomha ná: Bealaí N52, N80, R420 agus R402.




**Fior A – Contae Uíbh Fhailí Lden Learscail Torainn**




Fíor B – Contae Uíbh Fhailí
Lnight Learscail Torainn

## 8.2 Achoimre ar Thorthaí an Phróisis Mapála Torainn

### 8.2.1 Léarscáileanna Comhrianta Torainn

Ceanglaítear na léarscáileanna straitéiseacha torainn in Aguisín C den doiciméad seo. Áiríonn gach léarscáil greillí dathchódaithe do gach banda torainn, a léiríonn idir limistéir chiúine agus limistéir ina bhfuil torann measartha ard. Léiríonn na comhrianta torainn meántréimhse bhliantúil 24 uair an chloig. Cuimsíonn comhrianta $L_{den}$ idir 55 dB agus 75 dB, i mbandaleithid 5 dB. Cuimsíonn comhrianta $L_{night}$ idir 50 dB agus 70 dB i mbandaleithid 5 dB. Sainmhínítear $L_{den}$ agus $L_{night}$ mar seo a leanas:

- $L_{day}$ – An meánleibhéal fuaime A-ualaithe thar an tréimhse lae 12 uair an chloig 07:00 – 19:00
- $L_{evening}$ – An meánleibhéal fuaime A-ualaithe thar an tréimhse tráthnóna 4 uair an chloig 19:00 – 23:00
- $L_{night}$ – An meánleibhéal fuaime A-ualaithe thar an tréimhse oíche 8 n-uair an chloig 23:00 – 07:00
- $L_{den}$ - Leibhéal fuaime an lae, an tráthnóna, agus na hoíche. Is ilchodach logartamach de na leibhéil $L_{day}$, $L_{evening}$, agus $L_{night}$ é $L_{den}$, le hualú 5 dB(A) curtha leis an luach $L_{evening}$ agus ualú 10 dB(A) curtha leis an luach $L_{night}$.
- Ní mhapáiltear limistéir le leibhéil torainn níos lú ná 55 dB $L_{den}$ agus níos lú ná 45 dB $L_{night}$; tá na leibhéil sin faoi bhun thairseach an chuimsithe de réir na reachtaíochta.

### 8.2.3 Staidrimh Achoimre maidir le Neamhchosaint don Limistéar Pleanála Gníomhaíochta

Rinne BIÉ meastachán ar líon na ndaoine sa chontae atá neamhchosanta ar thruailliú torann tráchta, ag gach banda 5 dB agus bhain siad úsáid as na modhanna atá leagtha amach i gCuid 8 agus atá léirithe i dTábla 2 thíos.

Léiríonn na torthaí go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine atá neamhchosanta ar leibhéil torainn >55 dB agus 65 dB Lden faoi seach. Mar sin féin, tá laghdú tagtha anois ar an líon daoine atá neamhchosanta ar an leibhéal níos airde >75 dB Lden. Tá méadú tagtha freisin ar líon na ndaoine atá neamhchosanta ar leibhéil Lnight >50 dB agus 60 dB, ach tá an líon atá neamhchosanta ar an leibhéal níos airde Lnight >70 fós ag 0.

## 8.3 Teorainneacha Úsáidte na Léarscáileanna Torainn agus na dTorthaí

Ghin samhaltú ar ríomhaire na torthaí torainn a úsáideadh chun na léarscáileanna seo a chur ar fáil, seachas suirbhé allamuigh chun monatóireacht a dhéanamh ar thorann in aice leis na príomhbhóithre. Mar gheall go raibh suirbhé allamuigh neamhphraiticiúil chun monatóireacht a dhéanamh agus mar gheall ar na hacmhainní a bhaineann leis an obair seo a chur i gcrích, socraíodh gurb é an modh

samhaltaithe ar ríomhaire an modh ba chuí chun sonraí a bhailiú. Tagann an cur chuige samhaltaithe sin leis na Rialacháin um Thorann Comhshaoil, 2006.

Bunaítear na léarscáileanna straitéiseacha ar pharaiméadair ar tacair sonraí mheánaithe iad, rud a chuireann leibhéil mheasta torainn ar fáil i dtimpeallacht ar leith. Tá siad bunaithe ar phríomhfhoinse amháin torainn: trácht ar phríomhbhóithre; níl na léarscáileanna ionadaíoch ar chúinsí eile a mbíonn tionchar acu ar thorann timpeallachta, cosúil le trácht ar mhionbhóithre, gníomhaíochtaí tionsclaíochta sa limistéar, agus próifílí gaoithe. Ní bhaineann na léarscáileanna le measúnú ar limistéir chiúine amuigh faoin tír. De réir sainmhínithe, ní chuireann torann ó thrácht, ón tionsclaíocht nó ó ghníomhaíocht fóillíochta isteach ar na limistéir sin. Ní léirítear ar na léarscáileanna na leibhéil torainn a bhaineann le carrbhealaí nach n-úsáidtear an oiread sin, ach a d'fhéadfadh cur go mór leis na leibhéil fhoriomlána torainn.

### 8.3.3 Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí

Is é príomhchuspóir Threoir 92/43/CEE ("an Treoir um Ghnáthóga") caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh. Déantar an Treoir um Ghnáthóga a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 20119 (I.R. 477/2011) ("na Rialacháin um Ghnáthóga").

Tá líonra limistéar cosanta ("suíomhanna Natura 2000") leagtha amach ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil a chlúdaíonn na speicis agus na gnáthóga is luachmhaire agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip.

Rinneadh measúnú ar PGT Chontae Uíbh Fhailí chun a fháil amach an bhfuil sé riachtanach 'Measúnacht Chuí' ("MC") a dhéanamh air faoin Treoir um Ghnáthóga. Cinneadh leis an measúnacht scagtha nach bhfuil aon dóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar shuíomh Natura 2000.

### 8.3.4 Scagadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST).

Is próiseas foirmiúil, córasach é an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) atá deartha chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair shuntasacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm plean nó cláir sula gcinntear é a ghlacadh.

Leagtar amach an ceanglas maidir le MST le haghaidh pleananna agus clár i dTreoir 2001/42/CE ("Treoir MST") ón Aontas Eorpach. I gcomhthéacs pleananna sonracha úsáide talún, cuirtear an treoir sin i bhfeidhm i ndlí na hÉireann tríd na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 20045 (I.R. 436/2006). Leasaíodh an reachtaíocht sin leis na Rialacháin um Pleanáil

agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) (Leasú) 2011[6] (I.R. 201/2011). I gcás gach plean earnála eile, déantar Treoir MST a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004[7] (I.R. 435/2004), arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú) 2011[8] (I.R. 200/2011).

# 9. Limistéir a shainaithint a bheidh faoi réir gníomhaíochtaí bainistithe torainn

## 9.1 Cúlra Rialála

Ceanglaítear sna Rialacháin go ndíreodh na hÚdaráis Pleanála Gníomhaíochta ar "limistéir thosaíochta" agus ar "an limistéar nó na limistéir is tábhachtaí" d'fhonn bearta a shainaithint a chabhróidh le héifeachtaí díobhálacha a sheachaint, a chosc nó a laghdú, lena n-áirítear crá, de bharr neamhchosaint ar thorann timpeallachta. Cuirtear ar fáil tuilleadh treorach maidir leis na coincheapa sin i dTreoir GCC, agus leagtar amach cur chuige molta ina thrí chéim chun tosaíochtaí a shainaithint:

1. **Limistéir Thábhachtacha (LTanna)** – is suíomhanna iad seo atá neamhchosanta ar thorann timpeallachta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine, mar a léirítear sa treoir idirnáisiúnta;
2. **Limistéir is Tábhachtaí (LITanna)** – is fothacar iad na suíomhanna seo de na LTanna ina bhfuil na héifeachtaí sláinte is airde, go hiondúil de bharr leibhéil neamhchosanta torainn agus líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann araon; agus
3. **Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna)** – idir 5 agus 10 LIT nó grúpa LITanna ar cuireadh isteach orthu ar bhealach cosúil, a sainaithníodh mar na cinn a dtabharfar aghaidh orthu le linn chur i bhfeidhm PGT.

## 9.2 Forbhreathnú ar an bPróiseas

Is é atá sa phróiseas chun na Limistéir Thábhachtacha (LTanna), na Limistéir is Tábhachtaí (LITanna) agus na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) a shainaithint i gCeirtleán Uíbh Fhailí ná Céim 1 de phróiseas dhá chéim chun limistéir a shainaithint a bheidh faoi réir gníomhaíochtaí bainistíochta torainn.

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas chun LTanna a shainaithint sa chontae ná úsáid a bhaint as torthaí na mapála straitéisí torainn chun foirgnimh chónaithe atá íogair ó thaobh torainn de a shainaithint, agus a shainaithint freisin an líon measta daoine atá neamhchosanta ar leibhéil Lden atá os cionn na dtreoirluachanna a leagtar amach i dTreoir GCC atá i gcomhréir le *Treoirlínte Torainn Timpeallachta don Réigiún Eorpach* EDS 2018 (TTT EDS 2018). Ina dhiaidh sin tarlaíonn próiseas uathoibrithe i mbogearraí an Chórais Faisnéise Geografaí (CFG) chun limistéir a shainaithint ina bhfuil an líon is airde daoine atá an-chráite, limistéir ar a dtugtar na LITanna. Tagraítear do na LITanna a dtabharfar aghaidh orthu le linn chur i bhfeidhm PGT 2024-2028 mar LTTanna.

Tá sé tábhachtach béim a leagan air gur cur chuige staitistiúil é an cur chuige maidir le LITanna a shainaithint agus go mbaineann sé leis an daonra iomlán a chuimsítear sna léarscáileanna torainn. Níor cheart glacadh leis mar mheasúnú beacht ar éifeachtaí díobhálacha ar fhoirgnimh ar leith, agus ar an gcaoi chéanna níl méideanna na LITanna cinntitheach. Ina áit sin, is táscach iad chun limistéir a shainaithint ina bhfuil líon measartha ard daoine an-chráite mar gheall ar thorann.

## 9.3 Cur síos ar an gcur chuige chun LTanna, LITanna agus LTTanna a shainaithint

Is é atá sa phróiseas chun na Limistéir Thábhachtacha (LTanna), na Limistéir is Tábhachtaí (LITanna) agus na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) ar an liosta táscach a shainaithint in Uíbh Fhailí ná Céim 1 de phróiseas dhá chéim chun limistéir a shainaithint a bheidh faoi réir gníomhaíochtaí bainistíochta torainn.
Áirítear le Céim 1 úsáid a bhaint as torthaí na léarscáileanna straitéiseacha torainn chun líon na ndaoine agus na réadmhaoine atá íogair ó thaobh torainn de a shainaithint atá neamhchosanta ar leibhéil os cionn na dteorainneacha a leagtar amach i dTreoir GCC a thagann le Treoirlínte Torainn Timpeallachta don Réigiún Eorpach EDS 2018 (TTT EDS 2018).

Úsáidtear torthaí an phróisis maidir le Limistéir Thábhachtacha chun faisnéis a chur ar fáil do phróiseas uathoibrithe i mbogearraí an Chórais Faisnéise Geografaí (GFG) chun teasléaráidí déine a ghiniúint den líon coibhneasta daoine atá an-chráite mar gheall ar thorann i limistéar ar leith, dá ngairtear na **Limistéir is Tábhachtaí**.

Tá athbhreithniú déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar na Limistéir is Tábhachtaí agus roghnaíodh limistéir thosaíochta le díriú orthu i mbabhta 4 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn, dá ngairtear na **Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta**.

Tarlaíonn Céim 2 den phróiseas le linn chur i bhfeidhm PGT, agus dírítear ar mheasúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe torainn do gach ceann de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta a sainaithníodh.
**(Féach Cuid 10)**

Leagtar amach i gcéimeanna thíos forbhreathnú ar an bpróiseas dhá chéim: Ceirtleán Lasmuigh – na Limistéir is Tábhachtaí a shainaithint.

### Céim 1 den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na léarscáileanna straitéiseacha torainn
- Na Limistéir Thábhachtacha (LTanna) agus na Limistéir is Tábhachtaí (LITanna) a shainaithint
- Idir 5 agus 10 Limistéar Tábhachtach Tosaíocht (LTT) a roghnú

### Céim 2 Le Linn Chur i bhFeidhm PGT 2024-2028

- Measúnú ar bhearta maolaithe cost-éifeachtúla
- Tomhais Torainn
- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe féideartha
- Anailís costais is tairbhe
- Moltaí maidir le bearta maolaithe

## 9.4 Limistéir Thábhachtacha (LTanna)

Treoirlínte TTT EDS 2018 maidir le treoirleibhéil torainn a shocrú chun Limistéir Thábhachtacha a

shainaithint, eadhon:

- Torann tráchta ar bhóithre: 53 dB Lden agus 45 dB Lnight.

Tá na treoirleibhéil torainn ábhartha maidir leis na héifeachtaí díobhálacha ó thorann timpeallachta a laghdú ar shláinte an duine, agus déantar achoimre i d**Tábla 2** agus i d**Tábla 3**, faoi seach, ar líon na ndaoine agus líon na ngabhdóirí atá íogair ó thaobh torainn de (scoileanna agus ospidéil) in Uíbh Fhailí ina mbíonn torann timpeallachta ó phríomhbhóithre agus ó mhór-iarnróid, nuair is ann dóibh, os cionn na leibhéal seo.

Cuirtear béim sna Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn ar na suíomhanna sin ar fud Chontae Uíbh Fhailí, féach Fíoracha A & B (Léarscáileanna Torainn, Uíbh Fhailí Uile, ag léiriú Limistéir Thábhachtacha agus scoilt a d'fhéadfadh a bheith ann síos go Biorra, Tulach Mhór agus Éadan Doire).

| **Tábla 2: Limistéir Thábhachtacha - Líon na nDaoine in Áiteanna Cónaithe in Uíbh Fhailí atá Neamhchosanta ar Leibhéal atá Os Cionn an Treoirleibhéil** | | | |
|---|---|---|---|
| Trácht ar Bhóithre | Trácht ar Bhóithre | Iarnróid | Iarnróid |
| 53 dB Lden | 45 dB $L_{night}$ | 54 dB Lden | 44 dB $L_{night}$ |
| 9,320 | 8,811 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |

| **Tábla 3: Limistéir Thábhachtacha - Líon na bhFoirgneamh Scoile (& na bhFoirgneamh Ospidéil).**<br>**Líon na nDaoine in Áiteanna Cónaithe atá Neamhchosanta ar Leibhéal atá Os Cionn an Treoirleibhéil** | | | |
|---|---|---|---|
| Trácht ar Bhóithre | Trácht ar Bhóithre | Iarnróid | Iarnróid |
| 53 dB Lden | 45 dB $L_{night}$ | 54 dB Lden | 44 dB $L_{night}$ |
| 7 (0) | 9 (1) | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |

### 9.4.1 Limistéir is Tábhachtaí (LITanna)

Is fothacar iad na suíomhanna seo de na LTanna ina bhfuil na héifeachtaí sláinte is airde, go hiondúil de bharr leibhéil neamhchosanta torainn agus líon na ndaoine atá an-chráite araon. Tugtar achoimre i d**Tábla 4** ar na Limistéir is Tábhachtaí a sainaithníodh in Uíbh Fhailí ag baint úsáid as Treoirchritéir dlúis GCC ('Tairseach An-chráite') de 7.5, 10 agus 15 duine nó níos mó in aghaidh gach 100m$^2$.

| **Tábla 4: Limistéir Is Tábhachtaí - Achoimre.**<br>**Líon na nDaoine in Áiteanna Cónaithe atá Neamhchosanta ar Leibhéal atá Os Cionn an Treoirleibhéil** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tairseach An-chráite | **Líon na LITanna ar Bóithre iad** | Líon na LITanna ar Iarnróid iad | Daonra Iomlán | An-chráite | Suaitheadh Codlata | Galair Iscéimeach Croí |
| 7.5 | **14** | 0 | 1,655 | 281 | 87 | 0 |
| 10 | **11** | 0 | 552 | 109 | 35 | 0 |
| 15 | **1** | 0 | 10 | 2 | 1 | 0 |

Líon na ndaoine a bhíonn an-chráite (AC), Líon na ndaoine a mbíonn suaitheadh codlata orthu (SC), Daonra atá i mbaol méadaithe galair iscéimigh croí (GIC).

**9.4.2 Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) –**

Baineadh úsáid as na torthaí staitistiúla a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo maidir le gach Limistéar is Tábhachtaí chun liosta táscach de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta atá molta a shainaithint. Rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí athbhreithniú orthu sin i gcomhthéacs saincheisteanna agus tosaíochtaí áitiúla agus cuireadh na 10 Limistéar Tosaíochta sin san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn, Babhta 4. Tá achoimre i dTábla 5 thíos ar na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta a bunaíodh i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí. Agus léirithe ar Léarscáileanna 1.8a – 3.4b thíos agus in Aguisín C.

**Tábla 5: Achoimre ar an Liosta Táscach de na Limistéir Thosaíochta (LTT).**
**Líon na nDaoine in Áiteanna Cónaithe atá Neamhchosanta ar Leibhéal atá Os Cionn an Treoirleibhéil**

| Tagairt Léarscáile | Daonra Iomlán | Foinse | Critéar LIT (Daoine an-chráite in aghaidh an 100m$^2$) | Achar | Líon daoine | | | Líon na ndaoine os cionn Threoirleibhéal an Limistéir Thábhachtaigh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | An-chráite | Suaitheadh Codlata | Galar Iscéimeach Croí | Bóthar 53 dB $L_{den}$ | Bóthar 45 dB $L_{night}$ |
| OYC_1 | 10.39 | Bóthar | 15 | 700 | 1.62 | 0.5 | 0 | 10.39 | 10.39 |
| OYC_2 | 118.06 | Bóthar | 10 | 10,000 | 11.86 | 3.31 | 0 | 108.35 | 101.57 |
| OYC_3 | 117.9 | Bóthar | 10 | 21,500 | 28.68 | 9.19 | 0.03 | 117.9 | 117.9 |
| OYC_4 | 48.46 | Bóthar | 10 | 6,200 | 13.62 | 4.62 | 0.02 | 48.46 | 48.46 |
| OYC_5 | 39.41 | Bóthar | 10 | 1,600 | 10.11 | 3.31 | 0.01 | 39.41 | 39.41 |
| OYC_6 | 30.69 | Bóthar | 10 | 5,700 | 8.77 | 2.93 | 0.01 | 30.69 | 30.69 |
| OYC_7 | 24.84 | Bóthar | 10 | 3,500 | 8.49 | 2.99 | 0.01 | 24.84 | 24.84 |
| OYC_8 | 20.12 | Bóthar | 10 | 1,500 | 2.94 | 0.88 | 0 | 20.12 | 20.12 |
| OYC_9 | 18.88 | Bóthar | 10 | 1,400 | 1.68 | 0.48 | 0 | 15.73 | 15.73 |
| OYC_10 | 11.5 | Bóthar | 10 | 1,900 | 1.68 | 0.51 | 0 | 11.5 | 11.5 |

*LT – Limistéar Tábhachtach, LTT – Limistéar Tábhachtach Tosaíochta, AC – An-chráite, SC – Suaitheadh Codlata, GIS – Galar Iscéimeach Croí.*

Maidir le gach Limistéar Tábhachtach Tosaíochta, déanfar an beart bainistithe torainn ábhartha a shainaithint agus a mheasúnú trí úsáid a bhaint as próisis cosúil le hanailís costais is tairbhe agus cainníochtú tairbhí sláinte. Déanfar measúnú ar na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta tar éis an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn, mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean.

**9.4.3 Limistéir is Tábhachtaí (LITanna)**

Úsáideadh torthaí ó na Limistéir Thábhachtacha chun bonn eolais a chur faoi shainaithint na Limistéar is Tábhachtaí. Is próiseas uathoibrithe i mbogearraí CFG é an próiseas chun na Limistéir is Tábhachtaí a shainaithint agus baineann sé úsáid as torthaí na léarscáileanna straitéiseacha torainn a shanntar do

staitisticí daonra i limistéir ina bhfuil an neamhchosaint níos airde ná na treoirleibhéil torainn maidir le Limistéir Thábhachtacha.

Ag úsáid an mhodha sin, déantar measúnú staitistiúil ar na héifeachtaí díobhálacha de bharr torainn ag suíomhanna atá sainiúil ó thaobh na tíreolaíochta de.
Ríomhtar líon na ndaoine atá An-Chráite (AC) chun "teasléaráid déine" ghreillithe de luachanna a ghiniúint a léiríonn (a bheag nó a mhór) líon na ndaoine atá an-chráite in aghaidh an 100m$^2$.

Ag baint úsáid as an teasléaráid déine, sainaithnítear na limistéir ina bhfuil dlús níos airde daoine atá an-chráite (AC) agus léirítear iad i bhfoirm pholagáin dhigitigh. Is é critéar dlúis de 15 duine nó níos mó in aghaidh an 100m$^2$ an ceann is oiriúnaí do na Limistéir is Tábhachtaí i bpríomhcheantair uirbeacha, agus tá critéir níos ísle de 10 agus 7.5 duine in aghaidh an 100m$^2$ oiriúnach ar imeall ceantar uirbeach nó i gceantair thuaithe.

Cur chuige staitistiúil atá i gceist leis an gcur chuige maidir le LITanna a shainaithint agus baineann sé leis an daonra iomlán a chuimsítear sna léarscáileanna torainn. Níor cheart glacadh leis mar mheasúnú beacht ar éifeachtaí díobhálacha ar fhoirgnimh ar leith, agus ar an gcaoi chéanna níl méideanna na Limistéar is Tábhachtaí cinntitheach. Ina áit sin, is táscach iad chun limistéir a shainaithint ina bhfuil líon measartha ard daoine a d'fhéadfadh a bheith an-chráite mar gheall ar thorann.

Tugtar achoimre ar na Limistéir is Tábhachtaí a sainaithníodh in Uíbh Fhailí i d**Tábla 4 (thuas)**.

### 9.4.4 Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta Tháscacha (LTTanna)

Tá achoimre i dTábla 5 ar liosta táscach de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta atá molta agus tá sé bunaithe ar na Limistéir is Tábhachtaí leis an daonra iomlán is airde laistigh de na Limistéir is Tábhachtaí a gineadh trí úsáid a bhaint as treoirchritéar dlúis GCC ('Tairseach An-chráite') Ceirtleán Lasmuigh – Na Limistéir is Tábhachtaí a Shainaithint.

Sa chás gur sainaithníodh níos mó ná ceann amháin de na Limistéir is Tábhachtaí, tá gá le próiseas chun an ceann tosaíochta a shainaithint (Limistéar Tábhachtach Tosaíochta), áit a mbeidh gealltanas ann tabhairt faoi mheasúnú ar bhearta maolaithe torainn le linn shaolré PGT.

Thug Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus páirtithe leasmhara ábhartha faoi shainaithint na Limistéar Tábhachtach Tosaíochta. Cuireadh na gnéithe seo a leanas san áireamh, áit a bhfuil eolas ar fáil:

- Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann, agus na héifeachtaí díobhálacha
- Leibhéal neamhchosanta ar thorann
- An fhéidearthacht na Limistéir is Tábhachtaí in aice lena chéile a ghrúpáil ina Limistéar Tábhachtach Tosaíochta níos mó
- An phríomhfhoinse torainn iompair
- Comhlacht inniúil chun aon bhearta maolaithe molta a dhéanamh
- Stair na ngearán
- Clár cothabhála agus athdhromchlaithe bóthair pleanáilte
- Bearta luais nó maolaithe tráchta pleanáilte

- Forbraíochtaí pleanáilte in aice láimhe
- Bearta maolaithe torainn atá ann cheana féin

### 9.4.5 Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna)

Tá achoimre i dTábla 4 ar na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta a bunaíodh i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Sa chás gur sainaithníodh níos mó ná ceann amháin de na Limistéir is Tábhachtaí, tá gá le próiseas chun an ceann tosaíochta a shainaithint (Limistéar Tábhachtach Tosaíochta), áit a mbeadh gealltanas ann tabhairt faoi mheasúnú ar bhearta maolaithe torainn le linn shaolré PGT.

Ba chóir don Údarás Pleanála Gníomhaíochta tabhairt faoi shainaithint na Limistéar Tábhachtach Tosaíochta i gcomhar le Comhlachtaí Mapála Torainn agus le páirtithe leasmhara ábhartha. Ceanglaítear sa Treoir ó GCC go gcuirfear na gnéithe seo a leanas san áireamh, áit a bhfuil eolas ar fáil:

- Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann, agus na héifeachtaí díobhálacha
- Leibhéal neamhchosanta ar thorann
- An fhéidearthacht na Limistéir is Tábhachtaí in aice lena chéile a ghrúpáil ina Limistéar Tábhachtach Tosaíochta níos mó
- An phríomhfhoinse torainn iompair
- Comhlacht inniúil chun aon bhearta maolaithe molta a dhéanamh
- Stair na ngearán
- Clár cothabhála agus athdhromchlaithe bóthair pleanáilte
- Bearta luais nó maolaithe tráchta pleanáilte
- Forbraíochtaí pleanáilte in aice láimhe
- Bearta maolaithe torainn atá ann cheana féin


Chun bonn a chur faoi chinntí an Údaráis Pleanála Gníomhaíochta maidir le Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta a roghnú atá ag teacht le ceanglais Threoir GCC, forbraíodh faisnéis staidrimh ghaolmhar le haghaidh gach Limistéar Is Tábhachtaí, lena n-áirítear:

- Foinse torainn lena sainaithnítear an Limistéar is Tábhachtaí, i.e., bóithre
- Achar ($m^2$)
- Daonra Iomlán
- Líon na ndaoine atá an-chráite (AC)
- Líon na ndaoine a mbíonn suaitheadh codlata orthu (SC)


- Daonra atá i mbaol níos mó galair iscéimigh croí (GIC)
- Líon áiteanna cónaithe
- Daonra atá neamhchosanta ar thorann os cionn luachanna tairsí TTT
- Neamhchosaint ar thorann ó thrácht ar bhóithre i mbandaí 5 dB (Lden 55 → 75 dB, Lnight 50 → 70 dB)
- Neamhchosaint ar thorann iarnróid i mbandaí 5 dB (Lden 55 → 75 dB, Lnight 50 → 70 dB)

Tá achoimre i dTábla 5 ar liosta táscach de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta atá molta agus tá sé bunaithe ar na Limistéir is Tábhachtaí leis an daonra iomlán is airde i measc na Limistéar is Tábhachtaí a gineadh trí úsáid a bhaint as treoirchritéar dlúis GCC (‘Tairseach An-chráite’) 15 duine nó níos mó in aghaidh $100m^2$. Nuair is gá, leathnaítear é sin go dtí an critéar dlúis Tairsí 10 agus/nó 7.5 An-chráite.


Tá 10 LTT le himscrúdú in Uíbh Fhailí. Tá siad sin i dTulach Mhór agus in Éadan Doire mar a léirítear i bhfigiúirí 1.8a, 1.8b, 3.4a & 3.4b. Níl aon LTT i mBiorra don bhabhta seo, babhta 4, den Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn Fíoracha 2.1a & 2.2a. Tá na Táblaí agus na Fíoracha ábhartha in Aguisín C freisin. Is féidir cur síos a dhéanamh ar na limistéir sin mar limistéir chónaithe agus thráchtála in ionaid uirbeacha nó gar dóibh. Tá anailís ghairid ar na bearta maolaithe féideartha leagtha amach i gcuid 10 agus is féidir iad a dhéanamh le linn shaolré PGT 2024 – 2028.





**Fíor 1.8a – Léarscáil Torainn Lden Thulach Mhór**





**Fíor 1.8b – Léarscáil Torainn Lnight Thulach Mhór**





Fíor 2.1a – Léarscáil Torainn Lden Bhiorra




Fíor 2.1a – Léarscáil Torainn Lnight Bhiorra




**Fíor 3.4a – Léarscáil Torainn Lden Éadan Doire**




**Fíor 3.4b – Léarscáil Torainn Lden Éadan Doire**

## 9.5 Torthaían tSamhaltaithe lenar aithníodh Limistéir Thosaíochta

Liostaítear thíos suíomhanna na LTTanna mar thoradh ar shamhail BIÉ do gach stráice den bhóthar a sainaithníodh sna Léarscáileanna Straitéiseacha.

| ***Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta*** | ***$L_{den}$*** <br> ***Banda comhriain*** | ***$L_{night}$*** <br> ***Banda comhriain*** | ***Limistéar*** | ***Gníomh le breithniú*** |
|---|---|---|---|---|
| *OYC_01* | *55-70* | *60-64* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm.* |
| *OYC_02* | *50-64* | *45-49* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_03* | *55-74* | *55-69* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_04* | *50-64* | *45-59* | *Maoine Cónaithe, Oideachais agus Tráchtála, Éadan Doire R402* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_05* | *50-64* | *45-59* | *Maoine Cónaithe, Cúraim Sláinte, agus Tráchtála, Tulach Mhór R402* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_06* | *60-64* | *50-54* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Éadan Doire R402* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_07* | *55-59* | *45-49* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Baile Mhic Spolláin, Tulach Mhór R443.* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_08* | *55-69* | *40-49* | *Maoine Cónaithe agus Creidimh, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *OYC_09* | *55-59* | *45-49* | *Maoine Cónaithe, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |
| *OYC_10* | *55-59* | *45-49* | *Maoine Cónaithe agus Tráchtála, Cluain Calga, Tulach Mhór R420* | *Limistéar le measúnú faoi PGT 2024-2028 agus bearta maolaithe le cur i bhfeidhm* |

Úsáidtear torthaí na mapála torainn a thaispeánann na bandaí comhrianta torainn chun limistéir a shainaithint atá os cionn na gcritéar tosaigh maidir le maolú Lden agus Lnight ar na príomhbhóithre agus limistéir a dteastaíonn measúnú breise a dhéanamh orthu faoi thograí bhabhta 4 den phlean gníomhaíochta i leith torainn.

## 9.6 Cur síos ar an gcaoi a sainaithneofar Limistéir a d'fhéadfadh a bheith ina Limistéir Chiúine

Faoi na Rialacháin, ceanglaítear ar an Údarás Pleanála limistéir chiúine i gceirtleáin a theorannú, ach níl aon cheirtleáin cháilitheacha i limistéir feidhme Chontae Uíbh Fhailí. Mar sin féin, sainaithníodh limistéir ardtaitneamhachta i gContae Uíbh Fhailí agus déantar iad sin a mheas le linn an phróisis pleanála.

Rangaítear na limistéir atá liostaithe i dTábla 9.1 thíos ina limistéir ard-íogaireachta agus ardtaitneamhachta i bPlean Forbartha 2021 – 2027 Chontae Uíbh Fhailí. Déantar cur síos ar na limistéir sin sa phlean mar "Gnéithe nó limistéir a sainaithníodh ina bhfuil áilleacht nádúrtha nó ábhar spéise agus a bhfuil cumas an-íseal acu glacadh le forbraíochtaí nua. Is Limistéir Ardtaitneamhachta shainithe iad na limistéir atá san aicme seo."

Beartaítear in Uíbh Fhailí na limistéir seo a chur san áireamh agus suíomhanna á meas maidir le cead pleanála chun suíomhanna a ainmniú mar limistéir chiúine faoin tuath, chun iad a chaomhnú ó éifeachtaí torann timpeallachta. Sainaithnítear na limistéir sin sa phróiseas pleanála trí choinníollacha sonracha a chur i bhfeidhm maidir le cineál, scála agus éifeacht timpeallachta a bhaineann le tionscadal beartaithe go háitiúil.

### Tábla 9.5. Limistéir ard-íogaireachta agus ardtaitneamhachta an Phlean Forbartha Contae

| | |
|---|---|
| **Uiscebhealaí, Bogaigh** | An tSionainn, an Chanáil Mhór, Fearainn Páirce Loch na Buaraí, an Phailís & Loch Finnamore. |
| **Limistéir Ardtailte** | Sliabh Bladhma, Cnoc Chruacháin |
| **Tailte portaigh** | Portach Chlóirthigh, Portach an Ráithín Mhóir |
| **Eascracha** | Eiscir Riada, Eascracha Chlóirthigh, Eascracha Eile |
| **Seandálaíocht agus Stair** | Cluain Mhic Nóis, Láthair Mhainistreach agus Diméin Dharú |

Agus béim á cur ar thorann a mhaolú do mhuintir na háite atá neamhchosanta, agus éifeachtaí torainn ar limistéir ardtaitneamhachta a chaomhnú, d'fhéadfadh sé nach gcuirfí san áireamh sa phróiseas pleanála gníomhaíochta roinnt de mhuintir na háite, atá idir na tairseacha.

Tá sé i gceist an ghné sin den phobal a chosaint sna limistéir ábhartha. Beidh ról lárnach ag an bpróiseas pleanála maidir le neamhchosaint ar leibhéil dhíobhálacha torainn amach anseo a chosc agus a rialú, gan srianta míréasúnta a chur ar an bhforbairt.

Sainaithnítear leis na bandaí comhrianta torainn limistéir atá os cionn na gcritéar tosaigh maidir le maolú Lden agus Lnight ar na príomhbhóithre agus limistéir a dteastaíonn measúnú breise a dhéanamh orthu faoi thograí bhabhta 4 den phlean gníomhaíochta i leith torainn. Cuirfear na Léarscáileanna Torainn sin ar fáil don phobal trí thairseach pleanála na Comhairle chun suíomh a mheas sula ndéantar iarratas.

Agus measúnú á dhéanamh, sainaithníodh leis na léarscáileanna torainn limistéir chiúine trí chrostagairt a dhéanamh idir limistéir na léarscáileanna torainn faoi bhun 55 dB $L_{den}$ agus 45 dB $L_{night}$ agus tacar sonraí de limistéir ardtaitneamhachta. Seo thíos roinnt limistéir ardtaitneamhachta i gContae Uíbh Fhailí a liostaítear sa Phlean Forbartha Contae 2021 - 2027:



**Fíor 9.1. Cluain Mhic Nóis, Láthair Mhainistreach, Co. Uíbh Fhailí**



**Fíor 9.2. Cosán Phortach Chlóirthigh, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí**



**Fíor 9.1. Féarbhealach na Canálach Móire, Co. Uíbh Fhailí**



**Fíor 9.1. Loch Finnamore, Co. Uíbh Fhailí**



**Fíor 9.1. Sliabh Bladhma, Co. Uíbh Fhailí**



**Fíor 9.1. Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí, Co. Uíbh Fhailí**

## 10. Bearta maolaithe torainn.

Tá réimse gníomhaíochtaí ann a d'fhéadfadh a bheith indéanta, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cuid acu a chur i bhfeidhm ag na foinsí nó díreach in aice leo, d'fhéadfadh cuid eile a bheith sa réigiún idir na bóithre agus na háiteanna cónaithe, agus d'fhéadfadh cinn eile a bheith ag na suíomhanna atá íogair ó thaobh torainn de. Tá trí chur chuige ag an Údarás Pleanála Gníomhaíochta chun bainistíocht torainn a dhéanamh:

- **Cosc** – bearta a fhéachann nach mbeidh baill bhreise den phobal neamhchosanta ar choinníollacha torainn neamh-inmhianaithe. Sa Cheirtleán, is éard atá i gceist le bearta coisctheacha ná beartas pleanála maidir le gan forbraíochtaí cónaithe agus foirgnimh eile atá íogair ó thaobh torainn de a lonnú i dtimpeallachtaí a d'fhéadfadh a bheith torannach agus go háirithe in aice le bonneagar iompair.

- **Cosaint** – Baineann sé seo le cáilíocht torainn timpeallachta a chaomhnú trí Limistéir Chiúine fhéideartha a shainaithint, agus na próisis a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar na Limistéir Chiúine fhéideartha lena n-ainmniú ina Limistéir Chiúine; agus

- **Bearta Maolaithe** – Is éard atá i gceist leis seo ná na bearta maolaithe cuí a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta chun leibhéil torainn a laghdú agus/nó a mhaolú i limistéir ina bhféadfadh siad dochar a dhéanamh do shláinte an duine.

Is léiriú iad seo a leanas ar na cineálacha beart a d'fhéadfadh a bheith ábhartha le meas le haghaidh suíomhanna atá íogair ó thaobh torainn de agus atá neamhchosanta ar thorann ó fhoinsí bóthair:

- Créfoirt, cosúil le bundaí créafóige, cnocáin nó caidhséir
- Clúdach, lena n-áirítear sciathphlátaí nó tolláin
- Fuinneoga fuaimiúla nó déghloiniú
- Aeráil fhuaimiúil, éighníomhach nó gníomhach; agus
- Caipíní simléir agus maolairí
- Bacainní fuaimiúla cois bóthair
- Tírdhreachú agus plandú

### 10.1 Cur síos ar an gcaoi a ndéanfar bearta maolaithe LTTanna a fhiosrú

Tar éis na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta a roghnú, rud a rinneadh agus an plean seo á ullmhú, déanfar na bearta maolaithe torainn féideartha a fhiosrú, agus déanfar anailís costais is tairbhe ar gach ceann díobh, agus é mar aidhm maitrís roghnúcháin a fhorbairt a spreagfaidh moladh le haghaidh gnímh.

Sainaithníodh na LTTanna mar shuíomhanna a ndéanfar bearta maolaithe torainn a mheas ina leith. Ní mór cur chuige cothrom a ghlacadh chun leasanna mhuintir na háite a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus aidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn á mbaint amach ag an am céanna.

Tá raon leathan bearta maolaithe torann tráchta féideartha ar fáil don údarás áitiúil, agus tá samplaí díobh liostaithe i dTábla 10.1 thíos.

**Tábla 10.1 Bearta Maolaithe Torainn atá ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí**

| Údarás | Beart Féideartha |
|---|---|
| **An Coimisiún Eorpach** | Treoir maidir le hAstaíochtaí Torainn ó Fheithiclí<br><br>Treoir um Thorann Boinn |
| **An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil** | Treoir Pleanála Náisiúnta maidir le Maolú & Caomhnú Torainn Timpeallachta.<br><br>Rialacháin Torainn le teorainneacha tairsí san áireamh |
| **An Roinn Iompair** | Iompar poiblí a fheabhsú d'fhonn spleáchas ar thaisteal i gcarranna a laghdú, trí chonairí bus agus iarnróid a mhéadú agus a fheabhsú. |
| **BIÉ agus Ranna Bóithre** | Bainistíocht Tráchta – Bealaí, Feithiclí Earraí Troma, agus Bainistíocht Luais<br><br>Athbhreithniú ar luasteorainneacha ar an leibhéal náisiúnta<br><br>Tógáil Bóithre Nua - Seachbhóthar<br><br>Cothabháil Dromchlaí Bóthair; a chinntiú go bhfuil na dromchlaí réidh agus dromchlaí torannlaghdaitheacha a chur san áireamh.<br><br>Bearta Scagtha Torainn |

| | |
|---|---|
| **Údaráis Phleanála** | Insliú Aghaidhe riachtanach – gloiniú dúbailte agus triarach.<br><br>Teorainn a chur le hastaíochtaí torainn mórthimpeall ar Fhorbraíochtaí Nua trí Theorainneacha Torainn a shonrú mar chuid de na Coinníollacha Pleanála<br><br>Limistéir Phleanála a shainiú trí bhreithniú a dhéanamh ar an mbaol féideartha do réadmhaoine cónaithe atá in aice le foinsí féideartha torainn timpeallachta nó atá gar dóibh.<br><br>Bacainní Torainn a shonrú d'fhorbraíochtaí nua |

Is léir ón liosta thuas nach aon réiteach amháin é maolú torainn, ach réimse beart, agus cuireann gach ceann acu réiteach incriminteach ar fáil ar an bhfadhb. Agus gach Údarás ag díriú ar thorann timpeallachta a laghdú, ba cheart go dtiocfadh feabhas ar choinníollacha.

Go bunúsach tá dhá bhealach ann chun torann a laghdú. Is é an chéad bhealach ná an t-astúchán torainn ag an bhfoinse a rialú trí astaíochtaí torainn feithiclí a theorannú, trí cheangal a chur ar fheithiclí boinn rollta torainn a fheistiú, trí dhromchlaí bóthair torannlaghdaitheacha a thógáil agus trí thrácht a bhainistiú. Is é an dara bealach ná torann timpeallachta ar a bhfuil an pobal neamhchosanta a laghdú trí insliú cosúil le bacainní torainn, trí fhoirgnimh a dhéanamh fuaimdhíonach agus trí chur leis an bhfad idir foinse an torainn agus na daoine a chloiseann é.

### 10.1.1 Treoir maidir le hAstaíochtaí Torainn ó Fheithiclí – 2007/734/CE

Ní mór do gach feithicil a cheannaítear agus a dhíoltar laistigh den Aontas Eorpach ceanglais theicniúla shonracha a chomhlíonadh: Treoir CE 1970/157 agus na leasuithe ina dhiaidh sin. Is é CE 2007/34 an ceann is déanaí agus sonraítear ansin uasleibhéil fuaime do gach aicme feithicle. Ar an drochuair, níor tháinig aon athrú ar na teorainneacha seo ó leasú 1992, mar shampla is é 74 dB an teorainn torainn maidir le gluaisteáin phaisinéirí agus tá raon na dteorainneacha maidir le Feithiclí Earraí Troma idir 77 dB agus 80 dB ag brath ar an méid.

Táthar ag súil i leasuithe a dhéanfar amach anseo ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Torainn ó Fheithiclí go ndíreofar ar an teorainn torainn a laghdú maidir le gach aicme Feithicle nua.

### 10.1.2 Lipéadú na mBonn maidir le hÉifeachtúlacht Breosla agus Paraiméadair Riachtanacha eile


Is é an aidhm atá leis an Rialachán CE seo go mbeadh lipéid feidhmíochta ag boinn chun daoine a spreagadh boinn a cheannach a bhfuil feidhmíocht timpeallachta agus sábháilteachta níos fearr acu. Spreagann sé déantóirí bonn freisin boinn a tháirgeadh a bhfuil feidhmíocht níos fearr acu ná na ceanglais íosta a shonraítear i Rialacháin AE.

Leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/740 ceanglais maidir le boinn a lipéadú chun ligean d’úsáideoirí deiridh rogha a dhéanamh bunaithe ar eolas agus boinn á gceannach acu, chun sábháilteacht a mhéadú, chun an tsláinte a chosaint, agus chun éifeachtúlacht eacnamaíoch agus timpeallachta an iompair ar bóthar a chaomhnú, trí bhoinn a chur chun cinn atá tíosach ar bhreosla, a mhairfidh ar feadh i bhfad, atá sábháilte agus a bhfuil leibhéil ísle torainn acu.

Tá feidhm ag an Rialachán sin maidir le boinn a tháirgtear ó mhí na Bealtaine 2021 ar aghaidh, do ghluaisteáin phaisinéirí (boinn C1), do bhusanna agus do chóistí, d’fheithiclí earraí éadroma agus troma, agus do leantóirí éadroma agus troma (boinn C2 agus C3). Mar sin féin, níl feidhm ag an Rialachán sin maidir le catagóir speisialaithe áirithe bonn, cosúil leis na cinn easbhóthair a úsáidtear go gairmiúil, le feithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990 nó le boinn athláimhe, mura n-iompórtáiltear iad ó thír nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Léirítear i bhFíor 3 an fhormáid atá de dhíth le haghaidh lipéad na mbonn, agus ní mór gnéithe áirithe d'fheidhmíocht na mbonn a chur san áireamh, mar shampla:

- an aicme éifeachtúlachta breosla,
- an aicme fliuchghreama,
- an aicme torainn rollta sheachtraigh agus an luach tomhaiste,
- an tsiombail ghreama ar shneachta (má chomhlíonann an bonn na híosluachanna ar an innéacs maidir le greim ar shneachta a leagtar amach i Rialachán UNECE Uimh. 117), agus
- an tsiombail greama ar oighear (má chomhlíonann an bonn na híosluachanna ábhartha ar an innéacs maidir le greim ar oighear).




**Fíor 3. Lipéadú ar bhoinn nua a léiríonn rátáil torainn rollta sheachtraigh boinn**

Baintear úsáid as an dearadh céanna agus a úsáidtear do lipéadú fuinnimh forleathan cosúil leis an lipéadú ar chuisneoirí, ar mheaisíní níocháin, agus ar shoilse, agus taispeánann lipéad na mbonn éifeachtúlacht breosla na mbonn agus aicmí fliuchghreama ar scálaí aistritheacha ó A (is fearr) go E (is measa).

Sa chuid íochtair den lipéad, baineann an leibhéal torainn sheachtraigh leis an torann a thagann ón mbonn nuair a théann an fheithicil an tslí agus déantar é a thomhas ina ndeicibeilí (dB). Is féidir na haicmí torainn sheachtraigh rollta (A go C) a léiriú mar seo a leanas:

- Léiríonn Aicme 'A' gurb é 3 dB nó níos mó leibhéal torainn an bhoinn, leibhéal atá níos fearr ná an teorainn Eorpach.
- Léiríonn Aicme 'B' go bhfuil leibhéal torainn an bhoinn idir an teorainn Eorpach agus suas le 3 dB níos fearr ná an teorainn Eorpach.
- Léiríonn Aicme 'C' go bhfuil leibhéal torainn an bhoinn níos measa ná an teorainn Eorpach.

Toisc gur Rialachán de chuid an Aontais é, tá feidhm dhíreach ag Rialachán (AE) 2020/740 i ngach Ballstát agus tugtar éifeacht dó i Reachtaíocht na hÉireann trí Rialacháin (Lipéadú Boinn) (Éifeachtúlacht Fuinnimh) an Aontais Eorpaigh 2022, I.R. Uimh. 670 nó 2022.

#### 10.1.3 Dromchlaí Bóthair Torannlaghdaitheacha

Is paraiméadar tábhachtach é dromchla an bhóthair maidir le torann tráchta. Baineadh de thátal as staidéir éagsúla, maidir le luasanna níos airde tráchta, gurb é dromchla asfailt póiriúil 2 shraith an cur

chuige is ciúine i gcomparáid le dromchla coincréite. Bhí éagsúlacht idir na leibhéil torainn maidir leis na dromchlaí éagsúla ó 8 dB ag luasanna ísle go dtí thart ar 12 dB ag luasanna arda. Léiríodh fianaise go raibh fuaim-ionsúchán i gceist ar na dromchlaí póiriúla, rud a chuir srian leis an éifeacht ar thorann bonn agus ar thorann tiomána, ionas go bhfuil dromchlaí dá leithéid éifeachtach ar mhótarbhealaí.

### 10.1.4 Bainistíocht Tráchta

Bíonn tionchar ag luas agus ag sruth ar thorann tráchta agus tagann laghdú ar an torann nuair a chuirtear teorainn le luas tráchta, go háirithe idir 50 – 80 km/h. Bíonn tionchar dearfach ag bearta bainistíochta tráchta ar astú torainn, ar cháilíocht an aeir agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Is féidir an trácht a laghdú tríd an iompar poiblí a chur chun cinn, mar aon le rothaíocht agus siúl, bainistíocht páirceála, feithiclí earraí troma a chosc, luasteorainneacha, ainmniú bealaí, seachbhóithre, agus laghdaítear an trácht a bhíonn ag feitheamh trí shoilse tráchta a shocrú ar bhealach cliste. Bíonn an trácht ag na soilse ina chúis le leibhéil nach beag torainn i gceantair uirbeacha.

### 10.1.5 Bearta Frithfhorleata (Bacainní torainn, insliú)

Ar an meán, laghdaíonn bacainní torainn leibhéil torainn 3 – 6 dB(A) ag brath ar a ndearadh agus a n-airde. Níl bacainní cois bóthair inghlactha ach amháin ar mhótarbhealaí nó ar sheachbhealaí; is minic nach n-oireann siad do cheantair uirbeacha ach d’fhéadfadh siad a bheith oiriúnach i suíomhanna ar leith.

I gcás nach leor bacainní torainn nó bearta ag an bhfoinse, ní mór insliú fuaime a mheas don fhoirgneamh, mar shampla fuinneoga fuaimdhíonacha agus ballaí inslithe. D’fhéadfaí aeráil fhuaimiúil éighníomhach nó ghníomhach a shuiteáil freisin a chomhlíonann Cuid F de na Rialacháin Foirgníochta, gan aon ghá na fuinneoga a oscailt.

De rogha air sin, d’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an bpróiseas pleanála ar neamhchosaint ar thorann timpeallachta amach anseo trí ghníomhaíochtaí astaithe torainn ar nós bóithre a scaradh ó ghabhdóirí atá íogair ó thaobh torainn de cosúil le foirgnimh chónaithe, ospidéil, ionaid adhartha agus áiseanna oideachais. B’fhéidir nach mbeadh sé sin infheidhme i limistéir a bhfuil srianta maidir leis an tírdhreach orthu, ach trí dhíriú ar bhainistíocht fhuaimiúil, cothófar aeráid fhuaimiúil tharraingteach do chách le leagan amach cliste an bhonneagair sin.

### 10.1.6 Torann agus an tSláinte

De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte 2011, is é an toradh a bhíonn ar thorann timpeallachta ná ualach galar, rud nach bhfuil aon fhadhb chomh mór leis seachas an truailliú aeir, i measc fadhbanna

timpeallachta san Eoraip. Fuarthas i staidéar a rinneadh ar an Impleacht Sláinte a bhaineann le torann ar bhóithre, ar iarnróid agus ó aerárthaí san Aontas Eorpach (AE) in 2014 d’Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil go gcuireann neamhchosaint ar thorann san Eoraip le líon ard cásanna hipirtheannais, básanna anabaí de bharr galar croí agus stróc agus líon ard cásanna ospidéil go bliantúil. Léirítear sa tuarascáil go mbíonn tionchar ag neamhchosaint ar thorann mór ar shláinte agus ar fholláine na bpobal agus tagann éifeachtaí díobhálacha as, a léirítear i leibhéil mhéadaithe struis, in athruithe ar phatrúin chodlata agus in easuan. Is féidir leo sin tosca riosca a mhéadú cosúil le brú fola agus galar cardashoithíoch agus d'fhéadfadh bás anabaí a bheith ina thoradh orthu.

Ní mór an fhaisnéis thuas a chur san áireamh agus pleanáil gníomhaíochta i leith torainn á tabhairt chun cinn. I mbabhtaí pleananna gníomhaíochta i leith torainn amach anseo, d’fhéadfadh go mbeadh gá tagairt a dhéanamh do shonraí atá ar fáil faoi mheasúnuithe sláinte a rinneadh maidir le torann.

#### 10.1.7 Bearta Cosanta

Tabharfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi limistéir íogaire a chosaint ó thorann timpeallachta trí úsáid a bhaint as an bpróiseas pleanála.

- Toisc gurb í an tÚdarás Pleanála í, tá smacht ag an gComhairle ar thruailliú agus ar núiseanna, go príomha tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Diúltóidh an Chomhairle d’iarratais phleanála ar dócha a bheadh ina gcúis le leibhéil do-ghlactha truaillithe nó núise agus glacfaidh an Chomhairle cur chuige réamhchúramach nuair nach bhfuil eolas eolaíoch críochnaitheach ar fáil.
- Chun aidhmeanna na bpleananna gníomhaíochta torainn atá ann faoi láthair agus a bheidh ann a chur san áireamh i bPleananna Forbartha Contae, Baile agus Limistéir Áitiúil, úsáidfear pleanáil fhuaimiúil agus Limistéir á ndearadh, ag cur san áireamh bearta bainistíochta tráchta lena ndírítear ar lonnaíochtaí atá ann cheana a chosaint ó thorann timpeallachta.
- Spreagfar iarratasóirí pleanála chun measúnú tionchair fuaime a dhéanamh agus laghdú torainn a chur i bhfeidhm sna forbraíochtaí nua nó sna réadmhaoine a athchóirítear in aice le príomhbhóithre.
- Is é beartas na Comhairle é nach dtabharfar cead pleanála de ghnáth d’fhorbraíochtaí nua nó do shíntí ar fhoirgnimh thionsclaíochta, thráchtála, fóillíochta nó eile a tháirgeann leibhéil shuntasacha, do-ghlactha torainn agus/nó creathaidh ag teorainneacha suíomhanna nó i limistéir íogaire in aice láimhe, go háirithe limistéir chónaithe.

- Déanfaidh an Chomhairle a dícheall neamhchosaint ar thorann timpeallachta a bhainistiú nuair is gá, ag úsáid na mbeart is cuí. Beidh sé mar aidhm leis na bearta sin torann a chosc, a laghdú, nó a athlonnú, chun líon na ndaoine a mbíonn tionchar ag astaíochtaí torainn tráchta orthu a íoslaghdú. Gníomhartha straitéiseacha a bheidh sna gníomhartha a dhéanfar agus léireoidh siad cur chuige de réir an dea-chleachtais maidir le maolú timpeallachta agus teorainn a chur le neamhchosaint ar thorann timpeallachta.

#### 10.1.8 Bearta coiscthe agus Céimeanna a dtabharfar fúthu

I measc na mbeart a chuirfear san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2024-2028, beidh bearta pleanála gníomhaíochta agus beartas torainn a chloínn leis an dea-chleachtas ón bPlean Forbartha Contae (2021-2027). Trí thorann timpeallachta a chur san áireamh i gcéim phleanála na bhforbairtí is féidir feabhas mór a chur ar cháilíocht fhuaimiúil na bhforbraíochtaí atá ann cheana agus na bhforbraíochtaí a bheidh ann tríd na huirlisí riachtanacha a sholáthar do phleanálaithe chun an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag torann i limistéir íogaire a mheasúnú agus a rialú.

Áirítear sa Phlean Forbartha Contae breithnithe torainn atá bunaithe ar an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn 2013-2018. Meastar gur céim thábhachtach é sin maidir le Plean Gníomhaíochta i leith Torainn na Comhairle a chur i bhfeidhm go leanúnach, plean atá dírithe ar an bpobal a chosaint ó na héifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag torann timpeallachta. Beidh na léarscáileanna torainn a tháirg BIÉ ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle freisin. Leis sin, cuirfear in iúl don phobal an bhfuil cúinsí torainn ag baint leis an limistéar ina bhfuiltear ag lorg pleanála. Mar gheall air sin, is féidir bearta maolaithe torainn a chur san áireamh i ndearadh an tionscadail agus cothaítear timpeallacht níos sláintiúla do mhuintir na háite.

## 10.2 Bearta maolaithe

#### 10.2. 1. Athdhromchlú bóthair

Gach bliain déanann an Chomhairle an-obair ó thaobh athdhromchlú bóithre sa Chathair agus sa Chontae den chuid is mó. Úsáideann an Chomhairle asfalt maisteogach cloiche i limistéir ina bhfuil srian ar an luas don chéad rogha maidir le dromchla in éadan caitheamh. Táirgeann na dromchlaí seo níos lú torann bóthair (go háirithe torann boinn/torann rollta) ag luasanna ísle tráchta ná na cinn thraidisiúnta, rud a fhágann go dtarlaíonn níos lú truailliú torainn go háitiúil. Úsáidtear asfalt teorollta (HRA) fós ag suíomhanna ina mbíonn feithiclí earraí troma ag casadh.

#### 10.2.2. Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha

Tá pointí luchtaithe feithiclí leictreacha curtha ar fáil ag an gComhairle i gcomhar le ESB ecars ar na bóithre poiblí i gContae Uíbh Fhailí. Spreagfaidh sé seo úsáid carranna leictreacha a astaíonn níos lú torann bóthair ag luasanna ísle trí cheantair uirbeacha. Seo a leanas suíomhanna na bpointí luchtaithe do charranna leictreacha i gContae Uíbh Fhailí faoi láthair: Iosta Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí - Tulach Mhór; Ionad Seirbhísí M7 - Muine Gall; Ionad Oiliúna Dhroim Cáithe - Droim Cáithe; N62 - An Féar Bán; Oifigí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí - Tulach Mhór, 6 Cornmarket Street, Biorra; 19 Moorpark Street – Biorra.

#### 10.3.3. Moilliú Tráchta

Gach bliain, infheistíonn an Chomhairle i mbearta suntasacha moillithe tráchta cosúil le tulóga moillithe, rampaí moillithe, acomhail ag a bhfuil rampaí fada, áiseanna leithscartha do choisithe agus do rothaithe, comharthaí aiseolais do thiománaithe, comharthaí ginearálta agus trasrianta coisithe.

#### 10.3.4. Tionscadail maidir le Bealaí Glasa agus le Taisteal Gníomhach

Le linn PGT B3 críochnaíodh roinnt féarbhealaí a chuireann bealach eile iompair ar fáil isteach go Tulach Mhór agus go hÉadan Doire. Meallfaidh an bonneagar seo úsáideoirí le himeacht ama agus laghdóidh sé turais ghluaisteáin ag buaic-amanna. Thiocfadh laghdú ar leibhéil torainn mar gheall ar an laghdú ar thurais ghluaisteáin, rud a mbeadh éifeacht aige ar mhaoine cónaithe agus tráchtála sna ceantair atá buailte.

Tá thart ar 32 km féarbhealaigh críochnaithe i gContae Uíbh Fhailí agus méadóidh sé sin go 74 km thar shaolré PGT4. Dearadh na 43 km atá fós le déanamh in 2023 agus tá siad le bheith críochnaithe in 2024. Anseo thíos i dTábla 10.2 tá liosta de na tionscadail atá críochnaithe, atá á dtógáil agus atá á ndearadh.

## Tábla 10.2 - liosta tionscadal/suíomhanna maidir le Taisteal Gníomhach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí

| Project NTA Code | Scheme / Location | Items / Metrics Delivered | Status | Completed |
|---|---|---|---|---|
| OY/21/0002 | Tullamore Cycle Network Phase 1 | 2.6km of Footpath Upgrades / Cycle Network Provision To Tullamore (Areas North of Grand Canal Greenway) | Proposed | N/A |
| OY/21/0003 | AT Footpath Improvements : Birr & Crinkill | Military Rd Birr Upgrade 360m of Path. Boherdeel Rd = Upgrade 435m & Provide 275m of New Footpaths. | Under Construction | N/A |
| OY/21/0004 | AT Footpath Improvements : Clara | Upgrade Works To Footpaths = 188m of New Path Along Badgers Lane + 242m New Path Along Heather Grove + 34m of New Path & Pedestrian Crossing At Westwood Grove. | Completed | Q3 2023 |
| OY/21/0005 | Edenderry - Hare's Lane | 300m of New Footpath & Cycle Track Provided. | Completed | Q3 2022 |
| OY/21/0006 | AT Footpath Improvements : Cloghan | Proposal For Upgrades To 750m of Footpaths & Provision of New Pedestrian Crossing. | Proposed | N/A |
| OY/21/0007 | Tullamore - Spollenstown Road | 822m of Path Upgraded & 88m of New Path Provided. Pedestrian Priority Ramps & 2No. New Crossings. | Under Construction | N/A |
| OY/21/0008 | Countywide Pedestrian Crossings | Upgraded Pedestrian Crossing Works In Tullamore (3No.) & Geashill & Rath National School + New Crossing To Cuba Avenue, Banagher & St. Francis Street, Edenderry. | Completed | Q2 2023 |
| OY/21/0009 | Portarlington Active Travel Scheme | 320m of New Footpath Over Bridge To Graveyard/Houses | Completed | Q3 2022 |
| OY/21/0010 | SRTS Frederick Street Clara | Upgrade / Provided 70m of Footpath For SRTS & Upgraded Set Down Area / Junction Tightening / Pedestrian Crossing | Completed | Q4 2021 |
| OY/21/0011 | Junction Tightening Edenderry | Junction Tightening & Pedestrian Crossing Installed. | Under Construction | N/A |
| OY/21/0012 | Light Segregation Cycling Scheme Edenderr | Footpath Upgrades / Junction Tightening & Provision of 460m of Segregated Cycle Track & 615m of Cycle Lane | Completed | Q3 2022 |
| OY/21/0013 | Tullamore Urban Greenway Project (URDF) | 800m of Shared Path/Cycle Track Along Grand Canal | Proposed | N/A |
| OY/22/0001 | Edenderry R402-1 Junction Upgrade | Installation of Traffic Lights Including 3No. Pedestrian Crossings & Upgrades To 298m of Footpath & Provision of 90 of NEW Footpath & 236m of Segregated Cycle Track. | Completed | Q3 2023 |
| OY/22/0002 | Tullamore Collins Lane Junction | Installation of Traffic Lights / Protected Junction Including 4No. Pedestrian Crossings & Upgrades / Provision of 319m of Footpath & 264m of Segregated Cycle Track. | Completed | Q3 2023 |
| OY/22/0003 | Birr - Riverside Walk Upgrade Links | Upgrades To 500m of Pedestrian Links Within Birr Along Riverside Walk Incl. Paths & 2 New Pedestrian Crossings | Proposed | N/A |
| OY/22/0004 | Rhode - Pedestrian Crossings & Footpath | Upgrades / Provision of 400m of Footpaths & Junction Tightening & Upgrades/Provision of Pedestrian Crossings | Under Construction | N/A |
| OY/22/0005 | Mucklagh - Brocca Rd - Junction/Footpath | Junction Improvement & Upgrades To 122m of Footpath & Provision of 300m of NEW Path & Pedestrian Crossing | Completed | Q1 2023 |
| OY/22/0006 | Shinrone - Cloughjordan Road | 240m of Upgrades To Footpath Along Road/Across Bridge | Under Construction | N/A |
| OY/22/0007 | Ballycumber Active Travel Elements | Upgrades To 574m of Path & Provision of 232m of NEW Footpath & Traffic Calming & NEW Pedestrian Crossing. | Completed | Q4 2023 |
| OY/23/0004 | Edenderry Active Travel Elements | Phase 1 - Installation of Traffic Lights/Pedestrian Crossings Phase 2 - Path Upgrades/Provision & Pedestrian Crossing | Proposed | N/A |
| OY/24/0001 | Kilcormac Village - Kinnitty Road | Upgrades To 230m of Footpath & Provision of 60m of New Footpath & New Pedestrian Crossing At School. | Proposed | N/A |
| OY/24/0002 | Edenderry Harbour & Grand Canal Link | 1.5km of Shared Path/Cycleway Along Grand Canal | Proposed | N/A |
| OY/24/0003 | Cox's Bridge Clara Rd Tullamore | Footpath Upgrades/Junction Tightening/ 2 New Crossings | Proposed | N/A |

Tá 20 **Tionscadal Rotharbhealaigh 'Pathfinder'** in Uíbh Fhailí atá á dtógáil nó á ndearadh, lena nascfar go leor de na bailte agus na sráidbhailte le féarbhealach na Canálach Móire. Cuirfidh siad sin ar chumas úsáideoirí na bhféarbhealaí áiseanna a rochtain go héasca i ngach baile agus iad ag trasnú an chontae. Táthar ag súil go n-úsáidfidh muintir na háite atá in aice leis an bhFéarbhealach an rotharbhealach seachas carr.

Tá **Tionscadail 'Slite Sábháilte chun na Scoile'** á bhforbairt i roinnt bailte in Uíbh Fhailí. Rinneadh dul chun cinn ar an obair dheartha dóibh sin in 2023, agus tá roinnt tionscadal le bheith ar an láthair go luath in 2024. Soláthróidh na bealaí seo bealaí siúlóide agus rothaíochta níos sábháilte do dhaltaí agus do thuismitheoirí agus laghdóidh siad an líon daltaí a fhágtar ag gach scoil.

Seo a leanas roinnt tionscnamh eile ar glacadh leo i gContae Uíbh Fhailí faoi **Ghníomhú ar son na hAeráide** chun líon na dturas gluaisteán a laghdú:

- Beartais maidir le hoibriú ón mbaile (laghdaigh sé seo turais ghluaisteáin chuig ceantair uirbeacha)
- Méadú ar líon na bpointí luchtaithe feithiclí leictreacha sa chontae chun daoine a spreagadh Feithiclí Leictreacha a roghnú
- An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Siúl in áit tiomána a chur chun cinn ar thurais ghearra (Marchathon agus Walktober).

I rith na bliana roimhe sin 2023, críochnaíodh tionscnaimh, nó tugadh faoi dhearadh chun féarbhealaí agus cosáin rothaíochta bhreise a chur ar fáil. Soláthróidh an bonneagar nua seo bealaí taistil eile do chomaitéirí chuig Éadan Doire agus Tulach Mhór agus uathu do na PGTanna amach anseo.

I measc na dtionscadal eile ar tugadh fúthu bhí acomhail a athailíniú chun go mbeadh siad níos sábháilte/níos éasca le húsáid do choisithe. Rinneadh na hoibreacha sin i mBiorra, i dTulach Mhór agus in Éadan Doire agus i Ród. Cuireadh tús le roinnt de na tionscadail sin i mbliana agus tá tuilleadh beartaithe le linn 2024.

Tá gach roinn ag obair le chéile chun an bonneagar a sholáthar chun líon na dturas gluaisteán a dhéantar a laghdú. Is iad an Roinn Comhshaoil, Bóithre, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Taistil Ghníomhaigh atá i gceist. Trí oibriú i gcomhar lena chéile, tá cur chuige níos ginearálta á leanúint.

#### 10.3.5. Athbhreithniú ar Luasteorainneacha Náisiúnta (2023)

Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar aon mholtaí a ghlacadh a eascraíonn as an Athbhreithniú ar Luasteorainneacha Náisiúnta agus cuirfear i bhfeidhm aon athruithe atá riachtanach de réir na reachtaíochta. Táthar ag fanacht le treoir ón Roinn Iompair.

## 10.3 Pléigh ar an gcaoi a dhéanfar measúnú ar éifeachtaí laghdaithe torainn na mbeart féideartha

### 10.3.1 Measúnú ar Roghanna – Anailís Costais is Tairbhe

Chun measúnú indéantachta a dhéanamh agus liosta tosaíochta gníomhartha a fhorbairt, déanfar anailís costais is tairbhe chun an luach is fearr ar airgead a fháil agus chun toradh a dhéanamh ar an infheistíocht.

Tabharfar aghaidh leis an anailís costais is tairbhe ar chostais tógála agus chothabhála i gcomparáid leis an sochar a bhainfí as laghdú torainn. Baineann measúnú ar shochar torainn le húsáid na samhlacha straitéiseacha torainn chun meastacháin ar laghdú torainn a dhéanamh amach maidir le roghanna deartha sainaitheanta.

Meastar go bhfuil bearta chun torann a laghdú ag an bhfoinse níos cost-éifeachtúla ná na bearta chun srian a chur leis an bhforleathadh, toisc go mbeidh na tairbhí a bhainfidh leo i bhfad níos mó ná na costais. Thuairiscigh KPMG in 2005 gur beag an costas breise a bheidh ar thionscal na ngluaisteán mar gheall ar theorainneacha astuithe torainn ó bhoinn agus ó fheithiclí a dhéanamh níos doichte. Chomh maith leis sin is ar úsáideoir an ghluaisteáin a bheidh an costas.

De rogha air sin, féadfaidh sealbhóir tí a réadmhaoin a dhéanamh fuaimdhíonach ionas gur lú an torann timpeallachta a bheadh le cloisteáil i seomraí atá íogair ó thaobh torainn de cosúil leis an seomra leapa. D'fhéadfaí gur ar scála beag a bhainfí leas as an laghdú torainn agus go mbeadh costas nach beag ar an úinéir agus go mbeadh an foinse torainn fós ann.

Ní dhearnadh forálacha airgeadais ar an leibhéal náisiúnta chun íoc as foireann, as bearta measúnaithe torainn, as bearta maolaithe nó as ceanglais bhreise mapála torainn mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phlean seo. De bharr easpa acmhainní den sórt sin, cuirfear bearta maolaithe in ord tosaíochta docht. Meastar go mbainfidh an pobal agus an t-údarás áitiúil araon leas as bearta maolaithe a dhéanfaidh Údaráis Áitiúla Uíbh Fhailí.

#### 10.3.2 Conas a dhéanfar torthaí a mheas agus a thuairisciú

Is é atá sa phróiseas chun na Limistéir Thábhachtacha (LTanna), na Limistéir is Tábhachtaí (LITanna) agus liosta táscach de na Limistéir Thábhachtacha Thosaíochta (LTTanna) a shainaithint sna 21 limistéar Údaráis Áitiúil ná Céim 1 de phróiseas dhá chéim chun limistéir a shainaithint a bheidh faoi réir gníomhaíochtaí bainistíochta torainn.

Áirítear le Céim 1 úsáid a bhaint as torthaí na léarscáileanna straitéiseacha torainn chun líon na ndaoine agus na réadmhaoine atá íogair ó thaobh torainn de a shainaithint atá neamhchosanta ar leibhéil os cionn na dteorainneacha a leagtar amach i dTreoir GCC a thagann le Treoirlínte maidir le Torann Timpeallachta don Réigiún Eorpach EDS 2018 (TLTT EDS 2018). Tá na teorainneacha seo maidir le trácht ar bhóithre agus iarnróid leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad sin.

Úsáidtear torthaí an phróisis maidir le Limistéir Thábhachtacha chun bonn eolais a chur faoi phróiseas uathoibrithe i mbogearraí an Chórais Faisnéise Geografaí (CFG) chun teasléaráidí déine rátála a ghiniúint den líon coibhneasta daoine atá an-chráite mar gheall ar thorann i limistéar ar leith, ar a dtugtar na Limistéir is Tábhachtaí.

## 11. Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta i leith Torainn.

Tá an cur chuige atá beartaithe chun an Plean Gníomhaíochta i leith Torainn seo a chur i bhfeidhm leagtha amach thíos.

### 11.1 Róil agus Freagrachtaí

Is í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an tÚdarás Pleanála Gníomhaíochta atá ainmnithe chun an Plean Gníomhaíochta i leith Torainn seo a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.

Meastar gur páirtí leasmhar tábhachtach de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí é Bonneagar Iompair Éireann le linn chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta. Forbraíonn agus coimeádann sé an mhapáil straitéiseach torainn agus is é an comhlacht é atá freagrach as pleanáil agus maoirseacht ar thógáil agus ar chothabháil bóithre náisiúnta, agus mótarbhealaí.

Is é BIÉ an comhlacht mapála torainn le haghaidh 'Príomhbhóithre' náisiúnta. Is iad na hÚdaráis Áitiúla an comhlacht mapála torainn le haghaidh 'Príomhbhóithre' neamhnáisiúnta. Le haghaidh céim 4 den mhapáil, d'ullmhaigh BIÉ léarscáileanna straitéiseacha torainn do Chontae Uíbh Fhailí inar cuireadh san áireamh 'Príomhbhóithre' náisiúnta agus neamhnáisiúnta araon tar éis an cur chuige láraithe a chur i bhfeidhm.

### 11.2 Cuspóirí

Tá sé ina sprioc in Uíbh Fhailí cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le torann timpeallachta a bhainistiú d'fhonn é a chosc agus a laghdú, nuair is gá, agus go háirithe, nuair is féidir le leibhéil neamhchosanta éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar shláinte an duine, agus chun ardleibhéal cosanta timpeallachta a chur chun cinn.

### 11.3 Clár oibreacha

Tá an Plean Gníomhaíochta i leith Torainn le cur i bhfeidhm trí phróiseas ina chéimeanna thar thréimhse 4 bliana mar atá leagtha amach i dTábla 9.3.1 thíos.

| Tábla 9.3. 1 | |
|---|---|
| Tréimhse ama | Clár oibreacha<br>*Faoi réir anailíse costais is tairbhe agus maoiniú a bheith ar fáil.* |

| | |
|---|---|
| Bliain 1 | Limistéir thosaíochta a shainaithint le haghaidh maolú agus caomhnú torainn féideartha, bunaithe ar thorthaí na léarscáileanna straitéiseacha torainn, agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. |
| Bliain 2 | Measúnú a dhéanamh ar an tionchar iarbhír a bhíonn ag torann i naíolanna nó i suíomhanna a sainaithníodh in PGT4. |
| Bliain 3 | Tús a chur le gníomhaíochtaí bainistíochta torainn cuí a chur i bhfeidhm, áit a bhfuil gá leo.<br><br>A chinntiú go nglacfar le bearta pleanála gníomhaíochta agus le beartas torainn a chloínn leis an dea-chleachtais a leagtar amach sa Phlean Forbartha Contae. |
| Bliain 4 | Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm na ngníomhartha bainistíochta torainn cuí.<br><br>Éifeachtacht aon bhearta laghdaithe torainn a mheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar agus ar rath an phlean gníomhaíochta<br><br>Leanúint ar aghaidh ag cur san áireamh bearta pleanála gníomhaíochta agus beartas torainn a chloínn leis an dea-chleachtas in aon Phleananna Forbartha Contae nua.<br><br>Tabhairt faoi chomhairimh thráchta ar Bhóithre Réigiúnacha thart ar Uíbh Fhailí chun tacú le mapáil straitéiseach torainn an R5 in 2028 |

## 11.4 An clár meastóireachta, athbhreithnithe agus gnímh ceartaithe

Déanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht na mbeart pleanála gníomhaíochta i leith torainn. Déanfar é sin trí athbhreithniú bliantúil a dhéanamh agus trí thuairisciú do GCC ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gclár oibreacha. Más gá, féadfar athrú a

dhéanamh ar an sceideal agus ar chineál na ngníomhaíochtaí atá pleanáilte chun go n-éireoidh níos fearr le spriocanna an phlean gníomhaíochta.

Déanfar athbhreithniú in Uíbh Fhailí ar an gclár oibreacha a cuireadh i bhfeidhm, sa bhliain deiridh, 2028. Déanfar an dul chun cinn agus torthaí a mheas ag baint úsáid as faisnéis a bhaileofar trí mheasúnú áitiúil a dhéanamh ar neamhchosaint ar thorann. Áireofar leis seo measúnuithe “roimh agus ina dhiaidh” ar aon bhearta maolaithe nó caomhnaithe torainn.

Déanfar athbhreithniú ar léarscáileanna nua torainn, áit a bhféadfadh siad léiriú a thabhairt ar athruithe ar leibhéil torainn agus ar líon na ndaoine atá neamhchosanta. Ón treoirdhoiciméad:

- Meastóireacht ar aschuir na mbeart a glacadh agus ar aon ghníomhartha ceartaitheacha/aon athruithe atá le déanamh ar an gclár bunaidh mar thoradh ar an meastóireacht.
- Agus cé na comhlachtaí atá freagrach as an athbhreithniú sin ag deireadh an chláir.
- Cur síos ar an gcaoi a ndéanfar dul chun cinn agus torthaí an Phlean Gníomhaíochta a mheas agus a thomhas in 2028 nuair a dhéanfar an cúigiú babhta den phlean gníomhaíochta a dhréachtú.

### 11.4.1. Gealltanais maidir leis an bPlean Gníomhaíochta i leith Torainn

Tá sé ina sprioc ag an gComhairle cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le torann timpeallachta a bhainistiú d’fhonn torann timpeallachta a chosc agus a laghdú nuair atá sé indéanta, go háirithe nuair a d’fhéadfadh leibhéil neamhchosanta éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar shláinte an duine. Beidh sé ina aidhm ag an gComhairle freisin timpeallachtaí torainn inmhianaithe a chaomhnú don phobal má tá luach taitneamhachta ag baint leo.

Tá clár ceithre bliana maidir le cur i bhfeidhm ag tacú le PGT 2024-2028, agus tuairiscítear an dul chun cinn do GCC ar bhonn bliantúil. Tá sraith prionsabal uileghabhálach maidir le beartas torainn ina bonn faoi PGT agus leagtar iad sin amach sa Ráiteas Beartais Torainn. Tacaítear leis na prionsabail beartais torainn seo i bPlean Forbartha Uíbh Fhailí 2021-2027 agus i sraith gealltanas thíos (Gníomhartha maidir le Cur i bhFeidhm).

### 11.4.2 Ráiteas Beartais Torainn

Glacfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí cur chuige straitéiseach chun torann timpeallachta a bhainistiú, laistigh dá limistéar riaracháin, agus beidh sé mar aidhm aici an méid a leanas a ghlacadh:

- **Maolú -** bearta maolaithe cuí a shainaithint chun leibhéil torainn a laghdú nuair a d'fhéadfadh siad dochar a dhéanamh do shláinte pobal.
- **Cosc** - neamhchosaint daoine breise den phobal ar leibhéil torainn neamh-inmhianaithe a chosc i gcás inar dócha go mbeidh drochthionchar suntasach aige ar an tsláinte agus ar cháilíocht na beatha, agus nuair is féidir, cáilíocht na fuaime sa ríocht phoiblí a fheabhsú nó a chothabháil.
- **Cosaint** - ceantair a chosaint ina bhfuil leibhéal ciúnais inmhianaithe, nó ceantair atá suaimhneach, trí phróiseas aitheantais agus bailíochtaithe, agus na "Limistéir Chiúine" a shainaithint go foirmiúil ina dhiaidh sin.

### 10.1 Straitéis Gníomhaíochta maidir le Cur i bhFeidhm

Cuirfear PGT i bhfeidhm thar thréimse ceithre bliana, ag tosú in 2024. Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí uirthi ag cur i bhfeidhm sraith gníomhartha le linn na pleanála gníomhaíochta torainn seo agus cinn amach anseo. Cuirtear i láthair na bearta bainistíochta torainn timpeallachta sa chreat i dtrí chatagóir prionsabal beartais a chlúdaítear leis an Ráiteas Beartais Torainn, mar aon leis an gceathrú catagóir tacaíochta 'Ginearálta' mar seo a leanas:

- Ginearálta – Bearta Bainistíochta Torainn;
- Maolú – Bearta Bainistíochta Torainn
- Cosc – Bearta Bainistíochta Torainn;
- Cosaint – Bearta Bainistíochta Torainn

